# An Cabhán
# Cavan

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

Pictiúr de sheoladh Taispeántas Éirí Amach 1916 le Ramor Young Players i Músaem Chontae an Chabháin. 2016

*Ramor Young Players at the Launch of 1916 Rising Exhibition at Cavan County Museum, 2016*

# Ábhar
# Contents


| | |
|---|---|
| 1 | Réamhrá an Mhéara / Chathaoirligh<br>*Mayor / Cathaoirleach's Foreword* |
| 2 | Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh<br>*Chief Executive's Foreword* |
| 3 | Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae an Chabháin<br>*Culture and Creativity in Cavan* |
| 4 | An Aisling a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae an Chabháin<br>*The Creative Ireland Vision for Cavan* |
| 5 | Na Luachanna a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae an Chabháin<br>*The Creative Ireland Values in Cavan* |
| 6 | Na Bearta Tús Áite maidir le Contae an Chabháin<br>*Strategic Priorities for Cavan* |
| 7 | Cur i bhFeidhm<br>*Implementation* |

# 1 Réamhrá
## Cathaoirleach's Foreword

IS ÁBHAR RÍMÉID agam, i mo Chathaoirleach dom ar Chomhairle Chontae an Chabháin, Cruthaitheacht an Chabháin 2018–2022, an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta maidir le hÉire Ildánach i gContae an Chabháin, a chur i láthair. Tionscnamh náisiúnta atá sa chlár sin d'fhonn cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta a chur i gceartlár an tsaoil ag daoine. Tá d'aisling i gceist le hÉire Ildánach go mbeadh an deis ag an uile dhuine de mhuintir na hÉireann a theacht in inmhe go hiomlán ó thaobh cumas cruthaitheachta. Admhaítear leis an gclár go bhfuil de cheart ag an uile dhuine a bheith páirteach sa chruthú agus ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr na tíre. Tuigtear do na Ranna Rialtais gur suntasach na hacmhainní an cultúr agus an chruthaitheacht maidir le pobal na hÉireann a bheith i mbarr a maitheasa. Is é atá de dhualgas orainne córais a chur ar bun trínar féidir an leas is fearr a bhaint as an tionscnamh seo. Gnéithe lárnacha den aisling is ea an rannpháirtíocht agus an deis a bheith ag an uile dhuine an cultúr agus an chruthaitheacht a thapú. Glactar leis chomh maith gur den bhunriachtanas maidir leis an aisling a thabhairt i gcrích an ceangal idir an lucht ealaíne agus cruthaitheachta agus an pobal a chothú.

Is maith a thuigeann Comhairle Chontae an Chabháin an chruthaitheacht agus an tsamhlaíocht atá ag rith trí chuisle mhuintir an chontae. Tar éis próiseas fada comhairliúcháin agus taighde le daoine agus dreamanna éagsúla ar fud an chontae a cuireadh an plean seo i dtoll a chéile. Coinneofar borradh agus bláth ar feadh na gcúig bhliana seo romhainn, agus ina dhiaidh sin, faoin mbeocht a d'eascair cheana féin ó Chruthaitheacht an Chabháin agus beidh an deis á thapú ag daoine i ngach coirnéal den chontae, de gach aois, creideamh agus cultúr, an chruthaitheacht a théann go smior iontu a chur in iúl agus cur ar an gcaoi sin le saol na ndaoine ina dtimpeall. Tá Comhairle Chontae an Chabháin, trí oibriú i gcomhar páirtnéireachta leis na daoine a n-oibrítear ar a son, ag tnúth le treisiú le hoidhreacht chultúir an chontae agus leis an tairbhe a dhéanann sin do shaol agus do shláinte an uile dhuine againn. Beidh, faoi cheann cúig bhliana, tionchar an phlean seo go soiléir ón mborradh faoin gcruthaitheacht i gcontae an Chabháin, ón úsáid as na hacmhainní cultúir atá againn cheana féin agus ó acmhainní nua cultúir a chruthaítear de réir mar a bhíonn cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta á dtapú againn ar gach leibhéal.

Tá clár spéisiúil spleodrach leagtha amach do na cúig bhliana seo romhainn ag an meitheal cultúir lena mbaineann an tSeirbhís Leabharlannaíochta, an Oifig Ealaíon, Músaem an Chontae, an Oifig Ginealais, an Oifig Oidhreachta, Amharclann an Ramor Theatre, an Oifig Cumarsáide, agus na hoifigí Pobail, Fiontair agus Turasóireachta. Tá bealach á chur ar fáil leis an gclár seo chun an chuspóir a thabhairt i bhfeidhm ar bhealach cruthaitheach a mbeidh dea-thorthaí go leor air dúinn ar fad ag obair inár ndaoine faoi leith dúinn ar bhealach slánchóirithe ar mhaithe leis an gcontae.

**An Comhairleoir Madeleine Argue**
Cathaoirleach
Comhairle Chontae an Chabháin

I AM DELIGHTED as Cathaoirleach of Cavan County Council to introduce Creative Cavan 2018–2022, the Creative Ireland Culture and Creativity Plan for County Cavan. This programme is a national initiative putting culture and creativity at the heart of our lives. The vision of Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. It acknowledges that everyone has the right to take part in, create and celebrate the culture of our country. Government Departments recognise that culture and creativity are major assets for the wellbeing of society. It is our duty to put mechanisms in place to facilitate this initiative to maximum effect. Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

Cavan County Council recognises the creativity and imagination that courses through the people of this county. This plan was put in place after an extensive public consultation and research process, led by the Culture Team who engaged with individuals and groups throughout the county. The momentum already inspired by Creative Cavan, will continue to build throughout the next five years, and beyond, with people from every corner of the county, of all ages, creeds, and cultures, seizing this opportunity to express their innate creativity while also enhancing the lives of those around them. Through working in partnership with the communities it represents, Cavan County Council looks forward to building upon the county's rich cultural legacy and the wellbeing benefits this has for us all. In five years time, the impact of this plan will have manifested itself in an upsurge of creativity in Cavan, using our existing cultural resources and creating many new ones as we each explore culture and creativity in the widest sense.

Our cultural team representing the Library Service, Arts Office, County Museum, Genealogy Office, Heritage Office, Ramor Theatre, Communications Office, Community and Enterprise and Tourism has an exciting and challenging programme planned for the coming five years. The programme provides a pathway to explore this creatively, which will result in a broad range of positive impacts for ourselves as individuals working in an integrated way and for the county.

**Cllr Madeleine Argue**
Cathaoirleach
Cavan County Council

# 2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
## Chief Executive's Foreword

TÁ DE THRAIDISIÚN fada i gContae an Chabháin go nglactar leis an iléagsúlacht agus go gcothaítear é. Fágann suíomh leis an teorainn i ndeisceart Chúige Uladh go dtuigtear an éagsúlacht agus go bhfuil meas air. Tá cleachtadh sa chontae seo ar an ábhar dúshláin agus ar fhéachaint lena sárú, ar thabhairt faoi réimsí deacrachta le meon fiontraíochta agus deiseanna a thapú le hoiread samhlaíochta agus staidéir agus is féidir. Tá de thairbhe cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta a thapú go leanúnach go dtugtar na scileanna cruthaitheachta chun cinn agus go gcuirtear le sláinte an duine. Is minic a luaitear gurb í cruthaitheacht an duine an acmhainn eacnamaíochta is mó agus is fearr atá ar fáil. Is bealach tairbheach an cultúr, ar ghnáthchuid a dhéanamh de den pholasaí eacnamaíochta agus sóisialta, chun cur le hinmharthanacht chórais an tsaoil in Éirinn. Is bealach tábhachtach an cultúr freisin chun an Cabhán agus Éire a chur i láthair don chuid eile den domhan. Féachtar trí Chruthaitheacht an Chabháin le córais agus cláir a chruthú ionas go mbíonn an deis ag an uile dhuine gnéithe den chlár Éire Ildánach a thapú go rialta agus taitneamh a bhaint as an tairbhe a eascraíonn as sin.

Tá an Straitéis seo á leagan amach an tráth céanna a bhfuil Pleananna Straitéise eile á gcur le chéile ag Comhairle Chontae an Chabháin agus iad ar fad ag cur lena chéile. Tá ceangal idir an Straitéis seo agus na haidhmeanna a leagtar amach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail d'fhonn contae a thabhairt chun cinn ina bhfuil pobal de dhreamanna beo, bríomhara, inmharthana, soicheallacha, folláine, gníomhacha atá i mbarr a maitheasa agus ag caitheamh saol ar ardchaighdeán. Sonraítear ceangal le cúrsaí ealaíon agus cultúir a bheith ar cheann de na cúiseanna is mó a bhíonn le pobal a chothú agus a neartú. Tugtar na tionscnaimh agus na haidhmeanna a ghabhann le hÉire Ildánach san áireamh le straitéisí nua an chontae maidir le cúrsaí Ealaíon, Oidhreachta, Leabharlannaíochta, Bia agus Turasóireachta mar a dhéantar le Straitéis an Chabháin don Chaidreamh leis an Diaspóra ina leagtar amach na deiseanna atá ar fáil d'fhonn Contae an Chabháin a chur chun cinn mar chontae ina bhfuil aghaidh chun tosaigh agus súil ar cheangal le líonraí reatha agus ceangal agus caidreamh de chineálacha nua a chothú.

Tá de dhea-theist ar an gcontae seo le fada go ndéantar infheistíocht sa chultúr agus sa chruthaitheacht trí chur chuige na páirtnéireachta mar atá á chothú ag an meitheal cultúir i ndáil le tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta le cuid mhaith blianta anuas. Samplaí maithe de chur chuige seo an chomhair is ea an clár Éire 2016, an tSeachtain Oidhreachta, Oíche an Chultúir, Seachtain na hEolaíochta, Fleadh Cheoil na hÉireann gan ach roinnt acu a lua. Is maith a thuigtear d'earnáil an chultúir sa chontae an leas agus an tairbhe a ghabhann leis an gcaidreamh le dreamanna uile an chontae. Is féidir dea-thorthaí dáiríre a thabhairt i gcrích trí oibriú in éineacht le muintir an chontae agus ar mhaithe leo agus sin a dhéanamh tríd an gcaidreamh agus tríd an gcomhar; sin modh oibre a thaitníonn linne agus a gclóitear leis.

COUNTY CAVAN HAS a long tradition of embracing diversity. Our border position as a county in South Ulster means that we understand and appreciate difference. We are a county accustomed to facing challenges, addressing potential problems as opportunities and honing our entrepreneurial flair to respond creatively and pragmatically. Ongoing engagement with culture and creativity is beneficial for building creative skills and enhancing wellbeing. Human creativity is often described as the ultimate economic resource. Culture is a valuable way of creating a more sustainable future in Ireland by imbedding it in economic and social policy. It is also an important means of presenting Cavan, and Ireland, to the rest of the world. Creative Cavan sets out to create circumstances and programmes for everyone to have the opportunity to regularly enjoy aspects of the Creative Ireland programme and the benefits this brings.

This Strategy comes at a time when Cavan County Council is presenting a range of complementary Strategic Plans. It links with the aspirations of the Local Economic and Community plan in developing a county with vibrant, sustainable, inclusive, healthy and active communities with a high quality of life and well-being. Arts and cultural engagement have been identified as key drivers for engaging with and building communities. The new county Arts, Heritage, Library, Food and Tourism strategies take account of and link with the Creative Ireland initiatives and aspirations as does the Cavan Diaspora Engagement Strategy which outlines opportunities to promote Cavan as a forward thinking county reaching out to existing networks and building new connections and relationships.

We have a well-established record of investment in culture and creativity in the county through overall partnership approaches adopted by our cultural team working on local, regional and national initiatives for many years. The Ireland 2016 Programme, Heritage Week, Culture Night, Seachtain na Gaeilge, Science Week, Fleadh Cheoil na hÉireann and other initiatives exemplify these collaborative relationships. Our cultural sector understands and values our relationships with all communities in the county. Working with and for the community can achieve tangible results through dialogue and partnership and we value and adhere to this approach.

Tá Comhairle Chontae an Chabháin cinnte go mbeidh an straitéis seo ina mhúnla maidir le smaointeoireacht den tsamhlaíocht agus cur i láthair an chultúir a chothú agus gur féidir neartú leis sin i rith na mblianta atá romhainn ionas go mbíonn deis ag an uile dhuine iad féin a chur in iúl agus an chruthaitheacht atá iontu a thabhairt i gcrích. Is cúis ríméid dúinn go bhfuil de Straitéis Náisiúnta ag an Rialtas cúrsaí cultúir a chur i gceartlár an phobail agus is breá le muintir an Chabháin cuidiú leis an tionscadal sin agus táthar ag tnúth lena chur i bhfeidhm.

**Tommy Ryan**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Chontae an Chabháin

Cavan County Council is confident that this strategy will provide the template to foster creative thinking and cultural expression that can be built on in the coming years and allow everyone opportunities to express themselves creatively and realise their potential. I welcome the National Government Strategy to place culture at the heart of community and we in Cavan are delighted to collaborate with this initiative and look forward to its implementation.

**Tommy Ryan**
Chief Executive
Cavan County Council







Paráid Non Parade mar páirt de Fhéile Saol Ó Raghallaigh 2013.

*The Non Parade Parade as part of the Life of Reilly Festival 2013.*

*(Photo by Laura O Connor)*

# 3 *The Cavan Note* — Cultúr agus Cruthaitheacht Chontae an Chabháin

## *The Cavan Note* — Culture and Creativity in Cavan

*Contae an Chabháin an contae ina bhfuil foinse dhá abhainn; dhá uiscebhealach a bhfuil macalla chomh mór leo i meon an Éireannaigh agus atá le haon réimse talún a bhí ag treibh ar bith de chuid na hÉireann riamh – an Éirne agus an tSionainn.*
**Rita Kelly**, Cuntas ar Chontae an Chabháin, Plean Ealaíne 2004–2009

Tá contae an Chabháin i gCúige Uladh agus é ar cheann de shé cinn de chontaetha a shíneann leis an teorainn. Droimlíní agus réimsí uisce na tréithe tíreolaíochta is suntasaí atá ag rith leis. Tá an Contae agus baile an chontae ar an aon ainm amháin, An Cabhán, a chiallaíonn 'logán' nó a mhalairt sin chomh maith, 'cnocán cruinn tirim'. Tá ceangal idir réimse chontae an lae inniu agus barúntacht Bhréifne Thoir agus is minic a bhaintear úsáid as tagairt do sheantreibh Bhréifne i ndáil leis an gcontae.

Tá iarsmaí breátha ar fáil sa chontae i gcónaí ó na tréimhsí lonnaíochta éagsúla a d'fhág a lorg ar thaobh tíre an chontae anuas go dtí an lá atá inniu ann. Taobh tíre iarmharach a thugtar ar áit de leithéid Pháirc Bhoirinn an Chabháin, in aice leis an mBlaic, leis na séadchomharthaí adhlactha, na hionaid cónaí agus lorg na ngarraithe ó ré na réamhstaire. Tá carraigí móra corra le fáil ón oighear-ré dheireanach agus is fianaise an gleann triomaithe agus na doilínte a ghabhann leis ar abhainn a bheith anseo roimh aimsir na n-oighearshruthanna agus ar shlogaide ó shin. Baineann an t-ábhar iontaise in aolchloch an cheantair le coiréal a bhí i bhfarraige thrópaiceach 350 milliún bliain ó shin.

Tá lorg thionchar na Normannach sa dara céad déag le feiceáil sa chontae. Tá sampla maith dá leithéid sin ar fáil i gCloch Locha Uachtair agus tá lorg ré na mainistreach le feiceáil go fóill in Oileán na Tríonóide agus i Mainistir Mhuire. Plandáil Uladh ba chionsiocair le bailte móra Choill an Chollaigh (Bailieborough), Muinchille (Cootehill), Dún an Rí (Kingscourt) agus Achadh an Iúir (Virginia) a theacht chun cinn le héagsúlacht shuntasach ó thaobh a gcuid ainmneacha.

Tá cuid mhór staire ag baint leis an gcontae maidir le cúrsaí litríochta agus is iad muintir Shioradáin as Cuilceach i ngar don Mhullach an teaghlach is iomráití. Ba chara mór Tomás Ó Sioradáin (1687–1738) ag an Déan Jonathan Swift agus an bheirt acu go mór chun cinn i saol an chultúir i mBaile Átha Cliath lena linn. Is iomaí samhradh a chaith Swift i gCuilceach agus is ann a scríobhadh an chuid is mó de *Gulliver's Travels*. Ba é William Bedell, Anglacánach a rugadh i Sasana agus a bhí ina Easpag na Cille Móire idir 1629 agus 1642 a choimisiúnaigh aistriú an Bhíobla go Gaeilge. Cheap sé daoine a raibh Gaeilge acu sa chléir i bparóistí an deoise chomh mór agus ab fhéidir leis.

Ba scríbhneoir cáiliúil agus bainisteoir amharclainne Tomás Ó Sioradáin (1719–1788), mac an Tomáis eile, agus bhí baint aige ar feadh tréimhse fada le hamharclann Smock Alley. Fear aoir, drámaíochta agus filíochta ab ea a mhacsan, Richard Brinsley (1751–1816), a bhí ina úinéir ar feadh i bhfad ar amharclann an London Theatre Royal i Drury Lane. Ba as an Mullach freisin Henry agus Charlotte Brooke, athair agus iníon, an t-athair a scríobh *Fool of Quality*, tráchtas ar chúrsaí oideachais i gcló úrscéil agus an iníon a tharraing cáil uirthi féin maidir le scoláireacht na Gaeilge nuair a d'fhoilsigh sí *Reliques of Irish Poetry*.

Mary Anne Sadlier (1820–1903) an t-údar mná is cáiliúla as Contae an Chabháin. D'fhoilsigh sise seasca úrscéal agus scríobh sí do phobal na n-imirceach as Éirinn sna Stáit Aontaithe. Is é an file de chuid an ochtú haois déag is mó a bhfuil cáil air as an gCabhán, Cathal Buí Mac Giolla Ghunna as barúntacht

*Cavan is the country which births two rivers; two waterways; as resonant in the Irish psyche as any piece of tribal property – the Erne and the Shannon.*
**Rita Kelly**, profile of County Cavan, Arts Plan 2004 to 2009

County Cavan is in the province of Ulster and is one of six border counties. It is characterised by drumlins and waterways. The county shares its name with the county town, An Cabhán, which in Irish means 'the hollow' and also has the opposite meaning, 'a round dry hill'. The county today owes its origins to the barony of East Breifne and is often referred to as the Breifne County.

The county retains fine examples of the various settlement periods that helped shape the landscape of Cavan today. Cavan Burren Park, near Blacklion, is referred to as a 'relict' landscape with funereal monuments, habitation sites and field patterns that date from prehistoric times. Large glacial erratics found there date from the last Ice Age and its dry valley and associated dolines bear testimony to a pre-glacial river and sink. The fossils embedded in its limestone are the coral of a tropical sea of 350 million years ago.

The county retains a Norman influence from the twelfth century. Clough Oughter Castle is an example of this and a monastic influence is still evident at Trinity Island and St Mary's Abbey, Cavan. The Plantation of Ulster gave rise to the towns of Bailieborough, Cootehill, Kingscourt, and Virginia.

Culturally, the county is rich in literary history with the Sheridans from Quilca near Mullagh the pre-eminent family of note. Thomas Sheridan (1687–1738) was a great friend of Dean Jonathan Swift and both men were noted figures in the Dublin cultural scene. Swift spent many summers in Quilca and it was here that most of '*Gulliver's Travels*' was written. The noted English-born Anglican churchman William Bedell who served as Bishop of Kilmore from 1629 to 1642 commissioned the translation of the Bible into the Irish language and appointed Irish speaking clergy to parishes as often as possible.

Thomas Sheridan, Junior (1719–1788) was a noted writer and theatrical manager and had a long association with Smock Alley theatre. His son Richard Brinsley (1751–1816) was a satirist, playwright and poet, and a long-time owner of the London Theatre Royal in Drury Lane. The father and daughter Henry and Charlotte Brooke also came from Mullagh and Brooke, Senior wrote the novel '*Fool of Quality*' which is a treatise on education under the guise of fiction, and Charlotte made her reputation as an Irish scholar with the publication of '*Reliques of Irish Poetry*'.

Mary Anne Sadlier (1820–1903), is Cavan's best known female author who published sixty novels and wrote for Irish emigrants in the United States. The most notable 18th century Cavan poet was Cathal Buidhe Mac Giolla Ghunna from Tullyhaw barony, who composed 'An Bunnán Buidhe', while in the 19th century Philip O'Connell from Mountnugent found fame for the tale of '*Orwin and Sebena*'. Percy French and Padraic Colum are noted writers who spent time in Cavan and were influenced by the landscape and culture of the county.

Cavan poets, teachers and literary figures played a significant role in the period prior to and during the 1916 Rising, with Agnes O'Farrelly and Francis Sheehy Skeffington also prominent in this regard. Agnes O'Farrelly originated in Raffony near Mullagh and was a leading academic and professor of Irish at University College Dublin. She became a leading member of the Gaelic League and presided at the

Theallach Eathach a rinne an t-amhrán 'An Bonnán Buí'. Bhí cáil sa naoú haois déag ar Philip O'Connell as Mountnugent mar gheall ar an scéal *'Orwin and Sebena'*. Scríbhneoirí iomráiteacha iad Percy French agus Padraic Colum a chaith tréimhsí ama sa Chabhán agus a ndeachaigh an taobh tíre agus cultúr an chontae i gcion orthu.

Bhí filí, múinteoirí agus daoine eile den lucht litríochta as contae an Chabháin go mór chun cinn i rith an tréimhse anuas go dtí Éirí Amach 1916 agus lena linn agus bhí Úna Ní Fhaircheallaigh agus Francis Sheehy Skeffington go mór i gceist ina leith sin. I Rafanaigh in aice leis an Mullach a rugadh Úna Ní Fhaircheallaigh a raibh cáil uirthi i measc an lucht léinn agus í ina hollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí sí mór le rá i gConradh na Gaeilge agus is í a bhí i gceannas ar an gcéad chruinniú de Chumann na mBan. I gCoill an Chollaigh a rugadh an scríbhneoir agus an feachtasóir radacach Francis Sheehy Skeffington a mharaigh Arm na Breataine ar Chéadaoin Sheachtain na Cásca.

Tá Tom MacIntyre ar an scríbhneoir is iomráití de chuid an Chabháin ó ré sin na réabhlóidíochta i leith. Ba chuimhin leisean, tráth a raibh sé ag labhairt le leanaí bunscoile sa cheantar faoin méid scríbhneoirí a bhain leis an gcontae, go raibh buachaill amháin a dúirt *"All the lakes are haunted"*.

*"He's right – the child's right! He knew! All the lakes are haunted. That's the Cavan note in my writing. It's the Cavan note in Harding's writing; it's the Cavan note in Healy's writing. It's haunted territory and that's recognised,"* a deir MacIntyre.

inaugural meeting of Cumann na mBan. Writer and radical activist Francis Sheehy Skeffington was born in Bailieborough and was killed by the British Army on the Wednesday of Easter week.

Most notable among Cavan's modern-day writers is Tom MacIntyre who, when talking to local national school children about the proliferation of writers in the county, recalled that one boy said *"All the lakes are haunted"*.

*"He's right – the child's right! He knew! All the lakes are haunted. That's the Cavan note in my writing. It's the Cavan note in Harding's writing; it's the Cavan note in Healy's writing. It's haunted territory and that's recognised,"* said MacIntyre.





Tá Noel Monahan, Heather Brett agus Dave Rudden ar scríbhneoirí na linne seo a chuireann ina gcuid próis agus ina gcuid filíochta le cultúr an Chabháin. Tá Noel agus Heather ina n-eagarthóirí le Windows Publications agus iad ag cur leis an bhforbairt ar an litríocht do leanaí agus do dhaoine óga le 25 bliain anuas. Tá Noel an-dearfach maidir le hÉire Ildánach agus é den tuairim go ndéanann an clár:

Noel Monahan, Heather Brett and Dave Rudden are among the current generation of Cavan writers who define our culture in poetry and prose. Noel and Heather are editors of Windows Publications and for 25 years they have contributed to the development of literature for children and young people. Noel is very positive about Creative Ireland and feels it:

*'Allows us time to reflect*
*on what it means to be human*
*Time to reflect on our lives*
*To connect with our feelings*
*To allow us time to adjust to*
*the ever changing conditions in our lives*
*To ease our letting go of the past*
*To jolt all our dreams to a new awakening*
*To awaken from an all too*
*Catholic mindset of the past*
*It allows us feel at home in a*
*New Ireland of our making'.*

Deir Heather Brett ina leith: "As a writer and artist the creative programme has given rise to a feeling of solidarity among the arts… we are a talented nation where we have already made it clear that culture is vital to our existence and necessary for our growth as a people and as community. The opportunities this programme has provided are an asset to going forward and realising our potential as artists and enhancing the cultural worth of a people. The programme gives a basis to all of us to know that we are valued as artists and writers and are an integral part of Irish life".

Díol suntais maidir le cúrsaí cultúir sa chontae *The Moth Magazine*, faoi eagarthóireacht Rebecca O'Connor agus Will Govan. Drámadóirí

Heather Brett says that "As a writer and artist the creative programme has given rise to a feeling of solidarity among the arts… we are a talented nation where we have already made it clear that culture is vital to our existence and necessary for our growth as a people and as community. The opportunities this programme has provided are an asset to going forward and realising our potential as artists and enhancing the cultural worth of a people. The programme gives a basis to all of us to know that we are valued as artists and writers and are an integral part of Irish life".

*The Moth Magazine*, edited by Rebecca O'Connor and Will Govan, features prominently on the cultural landscape in the county. John McManus and Philip Doherty are award-winning

a bhfuil gradaim buaite acu mar gheall ar a gcuid saothair is ea John McManus agus Philip Doherty. Saol na linne seo in Éirinn is ábhar dá gcuid drámaí a cuireadh ar an stáitse ar fud na hÉireann agus thar lear.

Scríbhneoir don scáileán é Shane Connaughton a d'oibrigh ar an scannán gradamúil *My Left Foot*. Tá saothair eile dá chuid a cóiríodh le haghaidh na pictiúrlainne agus rinneadh an scannánaíocht ar *The Playboys* agus ar *The Run of The Country* i gceantar an Chnoic Rua. Tá cáil na húrscéalaíochta air chomh maith agus dúradh ar an Irish Times gur "a glorious late flowering" *Married Quarters*, an leabhar is deireanaí dá chuid. Ábhar mórtais don chontae go bhfuil oidhreacht an Chabháin le sonrú ar shaothar Dermot Healy, nach maireann, a n-áirítear air *The Bend for Home*, maidir le baile mór agus na daoine a mhaireann ann ag tráth faoi leith.

Cuireadh borradh mór faoin spéis sa cheol traidisiúnta sa chontae nuair a eagraíodh Fleadh Cheoil na hÉireann trí bliana as a chéile i mbaile an Chabháin idir 2010 agus 2012. Seo í an fhéile ceoil traidisiúnta is mó ar domhan agus is mar gheall ar obair Chomhaltas Ceoltóirí Éireann agus an NYAH Festival, i gcomhar leis an údarás áitiúil, ab fhéidir a heagrú anseo.

Tá curtha go mór mar gheall ar an bhFleadh le líon na ndaoine óga sa chontae atá ar an eolas faoi chineálacha ealaíon traidisiúnta agus páirteach iontu. Rinne earnáil an chultúir beart go luath tobann chun an leas is fearr a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích. D'oibrigh lucht na dearcealaíne agus na hamharclannaíochta go háirithe leis an bhféile agus bhí an baile mór ar fad ina ionad do shaothair ealaíne a bhain leis an láthair go sonrach, a bhí ildisciplíneach agus tumthach. Áirítear ar na compántais a ghlac páirt, Gonzo Theatre, The Hacklers, trans-art, Rianta art, an lucht siúil agus Mórtas an Chabháin.

playwrights who write about contemporary life in Ireland and their work has been performed in Ireland and internationally.

Shane Connaughton is an award-winning screenwriter, having worked on '*My Left Foot*', and a number of his works have been adapted for the cinema. '*The Playboys*' and '*The Run of The Country*' were filmed in the vicinity of Redhills Village. He is also an acclaimed novelist and his recent book '*Married Quarters*' was hailed as "a glorious late flowering" by the Irish Times. The county is proud to share the legacy of the late Dermot Healy, whose work includes '*The Bend for Home*', an homage to a town and the people who inhabit it at a moment in time.

Traditional music in the county received a massive injection of interest with three consecutive years of Fleadh Cheoil na hÉireann in the county town from 2010 to 2012. The largest festival of traditional music in the world was made possible by Comhaltas Ceoltoirí na hÉireann and the work of the NYAH festival, with the support of the local authority.

The number of young people in the county aware of and participating in traditional arts has increased as a result of the Fleadh and the cultural sector acted quickly to maximise the potential of this renowned festival. Visual arts and theatre practitioners particularly engaged with the festival and used the town as a canvas for site-specific art that was multi-disciplinary and immersive in experience. These groups included the Gonzo Theatre, The Hacklers, trans-art, Rianta art, the Traveller Community and Mórtas an Chabháin.

The new communities who have settled in the County bring their unique cultural experiences to our county and they meld this with their Cavan experience to create new work reflecting different realities; notable among them are the animators, Konik Studios.





Tugann dreamanna nua atá ag cur fúthu sa Chabhán cultúr sainiúil dá gcuid féin go dtí an contae seo agus cruthaítear saothar nua as cumasc na gcultúr ar léir fírinne an tsaoil nua air. Sampla suntasach den chineál seo is ea an dream anamúlachta, Konik Studios.

Tá an comhar, go mór mór idir lucht dearcealaíne agus saothraithe na bhfocal, ina dhíol suntais maidir le cuid mhór le lucht ealaíne an Chabháin agus buntábhachtach maidir le saothar Yvonne Cullivan, Tom Conaty agus Jane McCormick. Sampla maith den chomhar sin is ea an Tionscadal Ealaíne Poiblí 'The Current'.

Tá Comhairle Chontae an Chabháin, le cúnamh ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoin Scéim Caipitil maidir le Cúrsaí Ealaíon agus Cultúir agus an Clár Síochána IV, i mbun infheistíocht shuntasach a dhéanamh i Halla an Bhaile i gCabhán ionas go mbíonn ionad den scoth ar fáil sa chontae d'obair faoi cheannródaíocht ealaíontóirí agus é suite san fhoirgneamh a leag William Scott amach sa bhliain 1906.

Osclaíodh amharclann an Ramor Theatre in Achadh an Iúir sa bhliain 1999 agus bíonn amharclannaíocht le compántais áitiúla agus compántais cuairte, ceol, greann agus oícheanta scannáin ar siúl ann. Is ann atá compántas amharclannaíochta Livin' Dred lonnaithe, compántas a bhunaigh Padraic McIntrye, léiritheoir, agus Aaron Monaghan, aisteoir, d'fhonn amharclannaíocht chlasaiceach de chuid na hÉireann agus saothair nuascríofa a chur ar an stáitse don lucht féachana áitiúil agus do dhaoine ar fud na tíre.

Tagann siad sna sála ar dhaoine eile a bhain le traidisiún láidir amharclannaíochta an chontae, TP McKenna ina measc, an t-aisteoir as an Mullach a raibh saol fada aisteoireachta aige ar an stáitse agus ar an scáileán in Éirinn agus sa Bhreatain.

Collaboration, particularly between the visual arts and the spoken word, is the hallmark of many Cavan artists and defines the practice of Yvonne Cullivan, Tom Conaty and Jane McCormick. The Public Art Project 'The Current' is an example of this collaboration.

Cavan County Council with the support of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht under the Arts and Culture Capital Scheme and the Peace IV Programme has committed to a significant investment at Townhall Cavan to provide a quality venue for artist-led activity in the county, housed in this building designed by William Scott in 1906.

Ramor Theatre, Virginia opened in 1999 and its programme includes local and touring theatre, music, comedy and film club nights. It is the home of Livin' Dred Theatre Company, founded by Padraic McIntrye, director, and Aaron Monaghan, actor, with a view to producing classical Irish theatre and new writing for local and national audiences.

They follow a strong tradition of theatre practitioners in the county including TP McKenna, the actor from Mullagh who had a long and distinguished career on stage and film in Ireland and in Britain.

The Cavan-born actress Derbhle Crotty is best known for her work with the Abbey Theatre, the Royal Shakespeare Company, and Druid. Amateur drama is strong in the county with local groups The Hacklers, Bailieborough Drama Group and Millrace Players Mullagh all winning All-Ireland Drama titles, with neighbouring Carrigallen Theatre also winning with 'The Devil's Céili', written by Cavan writers Philip Doherty and Kevin McGahern.

The Cavan, Shercock, Maudabawn and Mullagh Drama Festivals offer valuable opportunities for drama groups throughout Ireland to show work and receive valuable

Is mar gheall ar a cuid oibre le hAmharclann na Mainistreach, leis an Royal Shakespeare Company agus le hamharclann an Druid is mó atá cáil ar an aisteoir Derbhle Crotty a rugadh i gContae an Chabháin. Tá an amharclannaíocht amaitéarach go tréan sa chontae agus gradaim uile-Éireann buaite ag compántais áitiúla de leithéid The Hacklers, Grúpa Drámaíochta Choill an Chollaigh agus Compántas Millrace Players as an Mullach. Bhuaigh an compántas amharclannaíochta sa bhaile in aice láimhe, compántas amharclannaíocht Charraig Álainn, chomh maith leis an dráma The Devil's Céilí a scríobh Philip Doherty agus Kevin McGahern as Contae an Chabháin.

Bíonn deiseanna iontacha ag compántais drámaíochta as gach cuid den tír a gcuid oibre a chur ar stáitse agus tuairimí fiúntacha na moltóirí, a mbíonn taithí acu ar an amharclannaíocht ghairmiúil, a fháil ag féilte drámaíochta i mbaile an Chabháin, Searcóg, an Maide Bán agus sa Mhullach. Sa bhliain 1945 a cuireadh Féile Drámaíochta an Chabháin ar bun agus tá cáil sheanbhunaithe ar an bhféile ar fud na tíre.

Tá Lisa O'Neill, Áine Cahill agus The Strypes le háireamh ar an nglún nua atá i mbun an cheoil i gContae an Chabháin. Tá canúint agus meon mhuintir an Chabháin á chur i láthair acu ar stáitsí ar fud an domhain an tráth céanna a bhfuil misneach agus spreagadh á thabhairt acu do dhaoine óga den lucht cruthaitheachta sa bhaile. Tá The Would Be's, a raibh moladh agus meas ag John Peel orthu i rith na 1990idí, ar ais le chéile arís agus d'eisigh siad ceirnín nua 'Tempt Fate' i mí Iúil 2017. Díol suntais maidir le stair an cheoil i measc an phobail sa chontae is ea traidisiún na mBannaí Máirseála, go háirithe i nDún an Rí, Bun Abha agus an Mullach Buí. Is mór an tábhacht atá le Scoil Cheoil Choill an Chollaigh freisin maidir le taithí chuid mhór dhaoine óga ar shaol an cheoil.

feedback from adjudicators with experience in professional theatre. Cavan Drama Festival was established in 1945 and has a well-established reputation nationally.

Lisa O'Neill, Áine Cahill, and The Strypes are among the new generation of musical talent from the county who have a distinctive Cavan voice, bringing Cavan accents and attitude to a world stage and inspiring budding creatives at home. The Would Be's who were championed by the legendary John Peel in the 1990s have also reformed and released a new single 'Tempt Fate' in July 2017. Important in the history of community music in the county is the Marching Band tradition, notably in Kingscourt, Bunnoe and Mullaghboy, while the Bailieborough School of Music has played an important role in shaping the musical experiences and careers of many young people.

Cavan-born composer Tom Cullivan has an extensive collaboration with theatre particularly Galway's An Taibhdhearc and Druid Theatre and has a comprehensive catalogue of chamber music and solo instrument compositions. Ed Reavy, the composer and fiddle player from Barnagrove, near Cootehill, is regarded as one of the finest and most prolific composers of Irish Dance tunes with 500 compositions to his name. Contemporary composer Paul Flynn has received international recognition and he is particularly noted for ecclesiastical music.

Cavan County Library service is acknowledged as having one of the foremost collections of local studies material in the country with particular reference to literary and cultural material and this is fully exploited by local researchers. The library service gives particular focus to working with local reading groups and there is an extensive programme for schools' engagement annually.



Tá cuid mhór cumadóireachta déanta ag Tom Cullivan, a rugadh i gContae an Chabhán, i gcomhar le compántais amharclannaíochta, go háirithe leis an Taibhdhearc agus compántas an Druid i nGaillimh. Tá líon mór saothar cumtha aige freisin den cheol aireagail agus d'uirlisí aonair. Tá de cháil ar Ed Reavy, cumadóir agus veidhleadóir as Barr na gCró, in aice le Muinchille, go raibh sé ar dhuine de na cumadóirí ba bhreátha agus ba bhisiúla de phoirt damhsa de chineálacha na hÉireann agus tá 500 saothar a luaitear leis. Tá cáil go hidirnáisiúnta ar an gcumadóir comhaimseartha Paul Flynn agus clú faoi leith air mar gheall ar cheol eaglasta.

Tá de chlú ar sheirbhís Leabharlannaíochta Contae an Chabháin go bhfuil ceann de na bailiúcháin is suntasaí sa tír maidir leis an léann áitiúil tiomsaithe ann le haird faoi leith ar ábhar faoi chúrsaí litríochta agus cultúir. Tá béim faoi leith ag an tseirbhís leabharlannaíochta ar oibriú le grúpaí léitheoireachta áitiúla agus clár caidrimh leitheadach as siúl ar bhonn bliantúil leis na scoileanna.

Dírítear go mór maidir le cláir imeachtaí na leabharlainne ar an nGaeilge. Bíonn béim faoi leith ar Sheachtain na Gaeilge i mí Márta agus bíonn an Ghaeilge fite fuaite trí chláir uile na leabharlainne (Oíche an Chultúir, Bealtaine agus imeachtaí do Leanaí). Cuireann an leabharlann réimse leathan imeachtaí éagsúla ar fáil i rith na bliana mar shampla Club na nÓg, Club Leabhar agus Ciorcal Comhrá (a bhíonn ar siúl i mbrainsí éagsúla de chuid na leabharlainne). Oibríonn Leabharlann Contae an Chabháin go dlúth le Glór Bhréifne, Ógras agus Conradh na Gaeilge. Beatha teanga í a labhairt.

Foirgneamh mórshuntais ó thaobh cúrsaí cultúir sa chontae is ea Iarsmalann Contae an Chabháin. Tá bailiúchán spéisiúil ann de dhéantúsáin a bhfuil tábhacht leo ó thaobh

The Irish language has an important focus in the library events programme. There is a particular emphasis on Seachtain na Gaeilge each March, and the Irish language is fite fuaite tríd (interwoven) throughout library programming (Culture Night, Bealtaine and Children's events). The library provides a wide and varied programme of events throughout the year mar shampla Club na nÓg, Club Leabhar and Ciorcal Comhra (which takes place in a number of branch libraries). Cavan County Library Service works closely with Glór Bhréifne, Ógras and Conradh na Gaeilge. Beatha teanga í a labhairt - The life of a language is to speak it.

Cavan County Museum is a flagship cultural building for the county, housing an impressive collection of artefacts of cultural and historical interest including some of national significance. It is a nationally designated museum and has achieved recognition for its work in the area of peace-building most recently with the General Post Office replica recreation from 1916 and the First World War Trench Experience.

cúrsaí cultúir agus staire, agus tábhacht ar an leibhéal náisiúnta le roinnt acu. Tá ainmniúchán náisiúnta aige mar iarsmalann agus tugadh aitheantas don obair a rinneadh maidir le cúrsaí síochánaíochta, go háirithe maidir le macasamhail Ard-Oifig an Phoist sa bhliain 1916 agus macasamhail thrínse i rith an chéad chogadh domhanda a chruthú le gairid.

Tá curtha ag an Oifig Oidhreachta le blianta fada leis an aird agus leis an tuiscint ar oidhreacht fhoirgníochta agus dúlra agus ar na hacmhainní doláimhsithe eile sa chontae agus is teist ar an dúthracht ina leith sin an spéis a chuirtear sa tSeachtain Oidhreachta, i bhFéile Siúlóide an Chabháin agus an méadú atá ar chlár na n-imeachtaí i bPáirc Bhoirinn an Chabháin agus i nGeopháirc Dhomhanda UNESCO. Is fada meas ar an obair i gcomhar ag earnáil an chultúir i gContae an Chabháin agus é ina ghnáthmhodh oibre sa chaoi is go gcothaítear an chruthaitheacht i measc na ndaoine ar fad.

Tá stair fhada fhairsing ag baint leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht agus sin ina bhonn treise faoi bheartaíocht bheo bhríomhar na healaíne sa lá atá inniu ann a fhágann clú agus cáil seachas mar a bhí riamh cheana ar fud an domhain ar ealaíontóirí de chuid an Chabháin an tráth céanna a bhfuil rannpháirtíocht i gcúrsaí ealaíon sa chontae ar leibhéal ard. Beidh Éire Ildánach ina chóras lena mbuanófar an pátrún foráis sin agus leanfaidh macalla ón gcontae beag cois teorann seo ag bualadh agus ag preabadh ar fud an domhain.

The Heritage Office has over many years increased awareness and understanding of the valuable built and natural heritage and the intangible assets of the county and this awareness is evidenced by the level of interest in Heritage Week, the Cavan Walking Festival and the growing programme of events at Cavan Burren Park and the UNESCO Global Geopark. The cultural sector in County Cavan has long valued collaboration as the norm, ensuring that creativity is nurtured and available to all citizens.

The history of culture and creativity is long and varied and laid the foundations of today's vibrant artistic landscape, where Cavan artists have enjoyed international success on an unprecedented scale and participation in the arts at all levels is high. Creative Ireland will provide a platform to ensure that this trend continues and the creativity of this small border county will continue to resonate around the globe.







Ceardlann ealaíona agus ceirdeanna i Leabharlann na Muinchille.

*An Arts and Crafts workshop in Cootehill Library.*

# 4 An Aisling a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae an Chabháin
## The Creative Ireland Vision for Cavan

IS É ATÁ d'aisling le hÉire Ildánach go mbeadh an deis ag gach duine ar a bhfuil cónaí in Éirinn a theacht in inmhe go hiomlán ó thaobh na cruthaitheachta de. Déantar an aisling sin a shaothrú trí Cúig Cholún a ghabhann leis an Clár atá ag Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta & an Chultúir

**Colún 4**
Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá buntábhacht maidir leis an aisling seo le rannpháirtíocht an uile dhuine agus teacht ag an uile dhuine ar shaothrú na cruthaitheachta agus ar a thoradh sin. Meastar freisin go bhfuil bunriachtanas, maidir le fíorú na haislinge, le ceangal a chothú idir pobal comharsanachta agus ealaíontóirí agus lucht cruthaitheachta.

- Beidh Contae an Chabháin, ina bhfuil na daoine agus an áit faoi bhláth, ina chontae faoi leith maidir le haird ar an gcruthaitheacht agus ar an gcultúr agus beidh meas orthu sin ar mhaithe le muintir an Chabháin.
- Faoin mbliain 2022, beidh curtha ag Cruthaitheacht an Chabháin leis an meas agus leis an tuiscint ar shaoithiúlacht cultúir an Chabháin de thoradh ar dheiseanna do thapú na cruthaitheachta agus an chultúir a chur ar fáil go leanúnach buan i measc dhaonra forásach ilchultúir an chontae.
- Beidh caidreamh cruthaitheachta ina ghnáthrud i ngach coirnéal dá iargúlta ó imeall go lár báire gan bheann ar ghnéithe éagsúla eacnamaíochta ná tíreolaíochta.

Is é a thiocfaidh dá thionchar sin go mbeidh béim lárnach ar an tsláinte agus ar an mbarr maitheasa ag muintir an Chabháin agus é de chumas iontu agus de mhisneach acu an chruthaitheacht a thapú, dul i bhfiontar agus i mbun an chomhair – iad ina ndaoine faoi leith atá soicheallach ardaidhmeach, a bhfuil breathnú rompu iontu chomh maith le meon cruthaitheachta, forbraíochta agus tionscanta, gan teorainneacha, cúrsaí bonneagair ná leibhéil infheistíochta ina shrianadh orthu.

THE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

- Cavan, with a flourishing people and place, will be an outstanding county embracing its unique creativity and culture, placing a high value on these for the well-being of Cavan people.
- Creative Cavan, by 2022, will have raised our awareness and deepened our appreciation of our cultural identity. This will be the result of sustained opportunities for creative cultural engagement within our growing, multi-cultural population.
- Creative engagement will be the norm, reaching communities in each remote corner of our diverse borders, regardless of economic or geographic disparity.

The impact of this will be a Cavan people that have wellbeing as a central focus, and an ability and confidence to embrace creativity, risk and collaboration – a people that are unique, inclusive, ambitious and forward thinking, with a creative, pro-active, entrepreneurial spirit, not limited by borders, infrastructure or investment levels.



Seoladh "The Pledge of the Metalmen" ag Leabharlann Coill an Chollaigh 2015

*The Launch of "The Pledge of the Metalmen" at Bailieborough Library 2015.*

# 5 Na Luachanna a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae an Chabháin

## The Creative Ireland Values in Cavan

TÁ SIAD SEO a leanas de bhunphrionsabail le Cruthaitheacht an Chabháin:

1. Comhar
2. Cumarsáid
3. Pobal
4. Rannpháirtíocht
5. Ilchuimsitheacht
6. Cumasú
7. Fiontar
8. Macántacht agus Follasacht

Coinnítear de bhonn daingean faoi bhearta agus faoi ghníomhartha tús áite na straitéise iad.

Is de réir mheon den sórt sin a oibríonn an Mheitheal Cultúir cheana féin ach is den tábhacht ina dhiaidh sin féin na luachanna a leagan amach go soiléir. Beifear ag tnúth le meon den chineál céanna ag gach duine a mbíonn páirt acu i dtabhairt bhearta na Straitéise seo i gcrích.

### Comhar

Tá dlúthcheangal idir Cruthaitheacht an Chabháin agus cur chuige an chomhair. Tá buntábhacht leis an gcomhar maidir le dea-thoradh ar an Straitéis a thabhairt i gcrích. Is é ba bhun leis an gcomharobair maidir le Cruthaitheacht an Chabháin go dtí seo go raibh daoine ag smaoineamh faoi réimsí seachas a ngnáthréimsí oibre, ag féachaint le ceangal a chothú le rannóga, gníomhaireachtaí, comhlachtaí, eagraíochtaí agus daoine eile, sásta dul sa seans maidir le rud nua a thriail, tabhairt faoi mhodh nua oibre. Is go neamhfhoirmeálta a tháinig comhar páirtnéireachta de chineálacha mar sin chun cinn, eagraíochtaí nach mbíodh ceangal eatarthu roimhe sin á gcur le chéile. Chuir daoine agus eagraíochtaí ó réimsí éagsúla a gcuid eolais agus a gcuid acmhainní le chéile. Tá cásanna áirithe den chomhcheangal sin curtha ar bhonn foirmeálta ó shin mar gheall ar an tairbhe a tháinig dá mbarr.

Tá comhoibriú dáiríre ar cheann de na siocracha is tábhachtaí maidir le dea-thoradh ar bheartaíocht ar bith, rud ba léir ar chlár chomóradh an chéid sa bhliain 2016 nuair a d'oibrigh gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí cultúir, forais oideachais, grúpaí pobail agus ealaíontóirí agus daoine eile le chéile chun clár náisiúnta den rath a chur ar fáil. Ba léir an tábhacht atá ag muintir na hÉireann leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht ón líon mór daoine a tháinig i láthair agus ón spéis a léirigh siad sna ceardlanna pobail áitiúla chun plé a dhéanamh ar an ábhar agus ar an tábhacht atá leis sa chontae. Tugadh sainmhíniú agus scrúdú den chineál is forleithne ar chultúr agus ar chruthaitheacht agus is iomaí tuairim a cuireadh chun tosaigh faoi ghnéithe a bhféadfaí díriú orthu. Bhí coincheap an chomhair le sonrú i gcontae an Chabháin idir 2010–2012 nuair a d'éirigh thar cionn le Fleadhanna a cuireadh ar siúl i mbaile an chontae agus meitheal eagrúcháin faoi cheannródaíocht an údaráis áitiúil i bhfeighil ar líon 750,000 duine de lucht an cheoil a tharraingt go dtí an contae ag an am. Rinne na brainsí cultúir éagsúla i gComhairle Chontae an Chabháin comhoibriú riamh ar thionscadail a thiocfadh faoi scáth níos mó ná aon bhrainse amháin acu agus neartóidh Éire Ildánach a theacht chun cinn leis an ngnás sin. Beidh Cruthaitheacht an Chabháin ina spreagadh maidir le comhoibriú ar gach leibhéal idir daoine aonair, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla. Beidh fiúntas faoi leith le páirtnéireacht de chineálacha nua a chruthú agus leas i gcónaí as an gcomhar atá ar bun cheana féin a chothú arís.

THE UNDERPINNING VALUES of Creative Cavan are:

1. Collaboration
2. Communication
3. Community
4. Participation
5. Inclusivity
6. Empowerment
7. Entrepreneurship
8. Openness and Transparency

These values underpin our priorities and actions.

The Culture Team is already operating under these values, but it is important that they are clearly outlined. Adherence to these values will be expected from all delivery agents of this Strategy as each action is delivered.

### Collaboration

Creative Cavan and collaboration are inextricably linked. Collaboration is key to the success of this Strategy. The origins of Creative Cavan collaborations to date, are among people who have thought outside of their normal sphere of work and life, looking to link with other departments, agencies, companies, organisations and individuals, daring to try something different or take a new approach. These partnerships have initially developed informally, connecting organisations not previously or sufficiently connected. People and organisations from different backgrounds and disciplines have shared knowledge and resources. Some of these connections have now been formalised as a result of this positivity.

The key drivers for success in any venture is genuine collaboration, as was evidenced in the successful 2016 centenary programme where government agencies, cultural, educational institutions, community groups and organisations, artists and individuals came together to deliver a successful national programme. The value of culture and creativity to Irish society was highlighted by the tremendous turnout and engagement by the public in the local community workshops to discuss the topic and its importance in the county. Culture and creativity were defined and examined in the broadest manner with many suggestions as to what should be focused on. This concept of collaboration was reflected in Cavan from 2010–2012 when three successful Fleadhanna were held in the county town and the local authority led team oversaw an influx of 750,000 music fans to the county over the period. The component cultural sections in Cavan County Council have always cooperated on mutually beneficial projects and the advent of Creative Ireland will continue this tradition. Creative Cavan will encourage collaboration at all levels between individuals, organisations agencies and statutory bodies. New collaborations will be of particular value while existing partnerships will be nurtured.

### Ilchuimsitheacht

Is don uile shaoránach Cruthaitheacht an Chabháin. Ní dhéanfar a shéanadh ar aon duine ar chúiseanna sóisialta, tíreolaíochta ná eacnamaíochta. Inár léiritheoirí cláir dúinn, ní mór aird a bheith againn ar na riachtanais uile agus ar na tuairimí uile. Tuigtear maidir le Cruthaitheacht an Chabháin an éagsúlacht agus an síorathrú a bhaineann le daonra an Chabháin agus tugtar aitheantas do ghrúpaí mionlaigh atá ar an bhfód agus atá ag teacht i láthair ó thaobh cultúir, creidimh, náisiúntachta agus eile. Is contae leis an teorainn atá i gContae an Chabháin ach is iomaí ceantar sa chontae ar féidir turas chun oibre a dhéanamh astu go Baile Átha Cliath. Rangaítear dó dhéag faoin gcéad den daonra mar dhaoine ón iasacht agus baineann cúig déag faoin gcéad le creidimh mionlaigh nó tá siad gan creideamh ar bith. Is contae codarsnachta Contae an Chabháin. Fágann leathnú suntasach ar an daonra i ndeisceart an chontae, atá i bhfoisceacht turas chun oibre de Bhaile Átha Cliath, gur tharla breis imirce isteach sa chontae ó chontaetha eile leis an gcósta thoir agus is mór an chodarsnacht idir sin agus ceantair in iarthar an Chabháin ar beag dlúis atá leis an daonra iontu. Táthar tugtha, maidir leis an gclár Éire Ildánach, do dheiseanna a chruthú do pháirt a bheith ag dreamanna mionlaigh agus ag dreamanna mórlaigh le chéile in imeachtaí cultúir agus cruthaitheachta ionas go dtarlaíonn malartú agus babhtáil cultúir ar leibhéal ard agus go gcuirtear córais nua cruthaitheachta ar bun.

### Inclusivity

Creative Cavan is for all our citizens. No-one will be excluded for social, geographic or economic reasons. As programme producers, we must be inclusive of all needs and opinions. Creative Cavan acknowledges the varied and ever changing population profile of Cavan and recognises existing and newer minority groups, cultures, religions and nationalities. A border county, many parts are in commutable distance of Dublin City. Twelve per cent of the population is categorised as foreign national, and fifteen percent belongs to minority or no religions. Cavan is a county of contrasts. Significant population expansion in the south of the county which forms part of the commuter belt to Dublin has seen increased immigration into the county from other East coast counties, contrasting with very sparsely populated areas of West Cavan. Creative Ireland is committed to actively making opportunities for joint involvement of majority and minority communities resulting in rich culture exchanges and making new creative networks.

### Cumarsáid

Beidh foclaíocht shoiléir in úsáid maidir le Cruthaitheacht an Chabháin, agus taobhófar le Béarla den Ghnáthchineál. Cinnteofar ar an gcaoi sin go ndéantar teachtaireachtaí a chur in iúl go soiléir sothuigthe. Beidh cairdiúlacht agus spreagadh i gceist le húsáid na teanga agus seachnófar an débhríos d'fhonn an uile shaoránach a tharraingt isteach. Déanfar eolas faoin a chur in iúl trí na cainéil ar fad atá ar fáil ar bhealach lena mbaineann samhlaíocht, atá tarraingteach don tsúil, atá intuigthe ar an gcluas agus trí na meáin nua ar fad, ionas gur mó na daoine a bhíonn rannpháirteach ann.

### Cumasú

Is den tábhacht go mbeadh teacht ag gach saoránach agus ag gach grúpa ar fud an chontae ar na hacmhainní agus ar na scileanna chun caidreamh a choinneáil le Cruthaitheacht an Chabháin. Déanfaidh an Mheitheal Cultúir an ceangal is mó is féidir a chruthú agus a chothú ionas go ndeimhnítear go mbíonn na hacmhainní ar fad á ndíriú sa chaoi is go mbíonn deis ag an uile shaoránach páirt a ghlacadh sa phróiseas cruthaitheachta agus cur le gach gné den phróiseas sin.

### Communication

Creative Cavan will use clear, inclusive language, subscribing to Plain English. This will ensure that messages will be clearly communicated and easy to understand. Language will be friendly, encouraging and un-ambiguous with the aim of involving all citizens. The programme will be communicated through all available channels and will be delivered imaginatively, visually, orally and through new media, to support maximum participation.

### Empowerment

It is important that all citizens and groups throughout the county have access to the resources and skills to engage with Creative Cavan. The Culture Team will foster and encourage the maximum connectivity to ensure that that all resources are focused in a manner to give all citizens opportunities to engage with and inform the creative process in all its forms.

### Pobal

Tuigtear go maith don Mheitheal Cultúir an tábhacht atá le nasc a cheangal leis an gcruthaitheacht ar fud an phobail agus lena spreagadh agus beifear ag áitiú ar phobal bisiúil na n-ealaíon sa chontae faoi láthair brostú in athuair leis an mborradh a tháinig le roinnt blianta anuas. Is gnéithe mórthábhachtacha de sin an caidreamh agus an pháirtnéireacht. Oibreoidh na brainsí uile san údarás áitiúil a bhaineann le hábhar, iad siúd a oibríonn maidir leis an bPáirtnéireacht Spóirt, le hIlchuimsitheacht Shóisialta, leis an lucht siúil, agus ar an gclár Ceart Léitheoireachta, d'fhonn a chinntiú go mbíonn an clár Éire Ildánach ilchuimsitheach.

Tá tábhacht faoi leith leis an aisling a ghabhann le Ceart Léitheoireachta ó tharla go mbíonn an chruthaitheacht go tréan i ngach leanbh le linn na hóige ach go mbíonn bac ar an gcumas cruthaitheachta níos deireanaí sa saol má bhíonn easnamh ag baint leis na bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta. Is eol don Mheitheal Cultúir go bhfuil tábhacht ó thaobh bhunriachtanais phróiseas na cruthaitheachta le ceangal a nascadh le clár na scoile.

### Fiontraíocht

Déanfar an fhiontraíocht, sa chiall is leithne ó thaobh na cruthaitheachta, a chothú agus a spreagadh an t-am go léir. Beidh tréithe maidir le dul i bhfiontar, seiftiúlacht, díocas pearsanta agus dúthracht an phobail de dhíth chun Cruthaitheacht an Chabháin a thabhairt i bhfeidhm go sásúil. Cuireann meon na fiontraíochta go mór le tréithe inmharthanachta agus neamhspleáchais na hoibre i ndáil le Cruthaitheacht an Chabháin.

### Community

The Culture Team recognises the importance of linking with and encouraging creativity throughout the community and the existing vibrant arts community in the county will be encouraged to build on the momentum gained in recent years. Dialogue and partnership are key to this. All relevant sections in the local authority including those working in Sports Partnership, Social Inclusion, with the travelling community, and on the Right to Read programme will be engaged to ensure that the Creative Ireland programme is comprehensive and inclusive.

The ideals of Right to Read are particularly important because all children are creative when young but if they lack the basic literacy and numeracy skills their ability to be creative in later life is adversely affected. The Culture Team is aware of the importance of linking with school programming as a fundamental necessity in the creative process.

### Entrepreneurship

Entrepreneurship in the widest possible creative sense will be nurtured and encouraged at all times. Qualities of risk-taking, resourcefulness, personal and community drive and enthusiasm will be required for successful delivery of Creative Cavan. Entrepreneurship as a value significantly contributes to the sustainability and self-sufficiency of the work of Creative Cavan.



### Oscailteacht agus Follasacht:

Beidh soiléire agus prionsabail ag baint leis an modh feidhmiúcháin a oibríonn an Mheitheal Cultúir. Oibreofar go macánta agus éileofar go ndéantar gach comhar oibre ar bhealach ionraic soiléir. Beidh an mheitheal leathanaigeanta agus sásta i gcónaí caidreamh, comhar agus páirtnéireacht nua a spreagadh, a scrúdú agus a chruthú ar gach leibhéal. Déanfar gach plean bliantúil, athbhreithniú agus fógra maidir le haighneacht nó iarratas a chur i láthair go soiléir agus le teann cuntasachta.

### Rannpháirtíocht:

Déanfaidh Meitheal Cultúir an Chabháin gach dícheall oiread rannpháirtíochta agus is féidir a chinntiú. Féachfar le spéis dhaoine, ghrúpaí agus eagraíochtaí a chothú sa bheartaíocht. Beidh idir freastal ar imeachtaí agus páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí i gceist leis an spéis sin. Beidh an teacht céanna ag gach saoránach ar Chruthaitheacht an Chabháin agus coinneoidh an Mheitheal Cultúir caidreamh ar bun leis na gníomhairí feidhmiúcháin maidir leis an gclár a thabhairt i gcrích ionas nach ndéantar gné ar bith a shéanadh ar aon duine mar gheall ar chúiseanna cultúir, fisiciúla, sóisialta nó eacnamaíochta.

### Openness and Transparency

The mode of delivery by the Culture Team will be clear and principled. They will act with integrity, demanding that all collaborations are genuine and clear. The team will operate with an open-mindedness that will always be ready to encourage, explore and create new connections, collaborations and partnerships at every conceivable level. Annual plans, reviews and invitations for submissions will be presented clearly and accountably.

### Participation

The Cavan Culture Team will make every effort to ensure maximum participation. Respectful engagement of individuals, groups and organisations will be sought. This engagement will range from attending events to actively taking part in events. All citizens will have equality of access to Creative Cavan, and the Culture Team will liaise with those programme delivery agents, to ensure that no-one is excluded for cultural, physical, social or economic reasons.

# 6 Na Bearta Tús Áite maidir le Straitéis an Chabháin

## The Strategic Priorities for Cavan

LEAGTAR AMACH SA chuid seo na Bearta Straitéise Tús Áite maidir le Cruthaitheacht an Chabháin. Spriocanna for-réiseacha iad seo maidir leis an tréimhse cúig bhliana seo romhainn. Is prionsabail oibriúcháin cuid acu a bhaineann le gach gné den chlár, baineann cuid eile le gné faoi leith den chlár oibre. Tá na Colúin agus na Luachanna a ghabhann leis an gclár Éire Ildánach de bhonn treise fúthu seo uile agus déantar gach beart príomhthábhachta a lua le réimse faoi leith. Beidh bearta sonracha á leagan amach i bplean bliantúil i ndáil le réimsí tacaíochta, cur i bhfeidhm agus maoirseachta maidir le gach ceann de na réimsí príomhthábhachta seo a leanas.

THIS SECTION OUTLINES the Strategic Priorities for Creative Cavan. These are general overarching goals for the next five years. Some are operating principles that will apply to all aspects of the programme, others are specifically programme related. All are underpinned by Creative Ireland Pillars and Values and all priorities are linked. An annual plan will specify actions for the support, delivery and oversight of each of these seven Priorities.



Scéalta dar dTalún ag Coláiste Talamhaíocht, Béal Átha hÉis i rith Sheachtain Náisiúnta Oidhreachta 2017.

*Scéalta dar dTalún at Ballyhaise Agricultural College during Heritage Week 2017. Photo by Lorraine Teevan.*



### Réimse Príomhthábhachta 1: Scéal na hÁite – Scéal na nDaoine

Le Scéal na hÁite – Scéal na nDaoine, beidh mórtas cine, féiniúlacht agus ceangal leis an áit le brath ag muintir an Chabháin. Tá cuid mhór staire agus cultúir ag rith le contae an Chabháin. Bíonn síorathrú ar an gceangal a bhraitear leis an áit, síordhul chun cinn de réir mar a bhímid féin ag teacht chun cinn mar phobal iolraíoch, síorléiriú ar an athrú atá fúinn agus ar mheon sóisialta an phobail. Ligeann na bearta ealaíne agus cultúir is seasta fadmharthanaí don phobal tús tuisceana a fháil ar an gcomhthéacs staire, cultúir, eacnamaíochta agus sóisialta atá ag gabháil leo mar dhaoine – bunús riachtanach le mórtas áite.

Is fada caidreamh ó thaobh cúrsaí cultúir ag Meitheal Cultúir an Chabháin agus ag muintir na háite le láithreacha agus le háiseanna cathartha de leithéid Chaisleán Shandarsan, Páirc Bhoirinn an Chabháin, Bealaí an Óir agus seoda ailtireachta an chontae. Tá oiread suntais leis an gcontae ó thaobh cúrsaí geolaíochta agus éiceolaíochta go bhfuil rátáil UNESCO ina leith maidir le tábhacht dhomhanda.

Is iomaí codarsnacht i gceist le contae an Chabháin. Is mór idir bailte móra ina gcónaíonn daoine a oibríonn i mBaile Átha Cliath agus ceantair iargúlta tuaithe nach bhfuil na córais tacaíochta agus na deiseanna céanna ar fáil iontu atá ar fáil i gceantair eile ar fud na tíre. Tá toradh Ré na dTrioblóidí le sonrú go fóill i gContae an Chabháin ó thaobh cúrsaí socheacnamaíochta, cultúir agus infreastruchtúir. Ní heol go fóill a mbeidh i ndán le Breatimeacht, más ábhar dúshláin nó deise a thagann dá bharr don chontae. Tugtar deis leis an réimse príomhthábhachta seo cíoradh agus daingniú a dhéanamh ar an mórtas cine, ar an mórtas áite agus an smaointeoireacht chruthaitheachta, na scileanna fiontraíochta agus an chuimhne cultúir a chothú agus a thabhairt chun cinn.

### Priority 1: The Story of Place – The Story of Us

The Story of Place – The Story of Us will provide a sense of place, identity and belonging to our people. Cavan is a county that is historically rich and culturally vibrant. Our sense of place is constantly evolving and progressing as we develop as a pluralist society, reflecting on our evolution and our developing social values within our community. The most enduring artistic and cultural interventions allow a community to begin to understand its' own historic, cultural, economic, and social context – an essential foundation for creating a sense of place.

Cavan Culture Team and local communities have a long history of cultural engagement with place and civic amenities such as Castle Saunderson, Cavan Burren Park, the Golden Ways and architectural wealth of the county. The county is geologically and ecologically significant by global standards as acknowledged in the UNESCO rating.

Cavan is a county of contrasts. Towns in the Dublin commuter belt contrast with isolated rural areas, which lack supports and opportunities available nationally in other areas. County Cavan retains a legacy from The Troubles; soci-economically, culturally and infrastructurally. Brexit is an unknown, potentially offering challenges or opportunities to impact positively on the county. This priority provides an opportunity to explore and re-enforce our sense of identity, pride of place and to develop creative thinking, entrepreneurial skills and cultural memory.

Na Téamaí Tábhachtacha:

- Féiniúlacht an phobail a chaomhnú, a cheiliúradh, a fhéachaint agus a cheapadh.
- Cumarsáid, rannpháirtíocht agus cíoradh orainn féin agus ar an lorg a fhágann ár dtuiscint ar an áit ar as muid orainn
- Taighde, foghlaim agus oideachas mar gheall ar an áit

Bearta

1. Ceardlanna maidir le Físdhearcadh an Phobail, ag a gcíorfar aisling na saoránach maidir le ceantair eile, agus leas á bhaint as tuiscint agus saineolas mhuintir na háite agus dhaoine ón taobh amuigh
2. Bearta fiosrúcháin cultúrtha maidir leis an áit agus leis na daoine – Tionscadail faoi cheannródaíocht shaineolaithe cultúir, ealaíontóirí ina measc, arna mbunú ar scéalta agus ar stair áiteanna agus dírithe ar chláir cultúir nua comharoibre a thabhairt chun cinn
3. Coimisiúin de chuid an phobail chun athcheapadh a dhéanamh ar an áit i ndáil le bearta príomhthábhachta na linne seo agus an saol mar atá faoi láthair
4. Treisiú le taighde ar na hacmhainní cultúir maidir le Scéal na hÁite sa chontae agus cur leis an ábhar cartlainne sna bailiúcháin in Iarsmalann agus i Leabharlann an Chontae
5. Leanúint de chúnamh agus spreagadh a thabhairt don phobal in áiteanna ionas go mbíonn muintir na háite ina gcaomhnóirí ar an gceantar agus go dtugtar dea-shampla an teagaisc go háitiúil
6. Cíoradh a dhéanamh ar fhísdhearcadh an phobail le Diaspóra an Chabháin
7. Meas a bheith ar cheardaíocht, ar ghnáis agus ar nósanna dúchasacha na háite agus treisiú leo

Key themes:

- Preserve, celebrate, challenge, and invent community identity
- Engagement, participation and exploration of ourselves as shaped by our sense of place
- Research, educate, and learn from our place

Actions

1. Community Visioning Workshops, exploring citizens' visions for other areas, using local and external knowledge and expertise
2. Cultural investigations on place and people – Projects led by cultural experts including artists, based on stories and histories of place and leading to innovative new collaborative cultural programmes
3. Commissions by community to re-image place to reflect current priorities and realities
4. Support research on the cultural resources for the Story of Place of the county and build on these archives for the County Museum and Library collections
5. Continue to support and encourage local communities to be guardians of our place leading by local example
6. Explore community visioning with Cavan Diaspora
7. Value and support local and indigenous craft, arts and traditions





### Réimse Príomhthábhachta 2:
### An Cabhán – Áit inar féidir Teacht faoi Bhláth

Tá deis níos fearr ag daoine i gContae an Chabháin, trí bhaint a bheith acu le cúrsaí ealaíon agus cultúir, a bheith rannpháirteach agus socruithe a dhéanamh a chuireann ar a gcumas saol spreagúil, éagsúil, folláin a chaitheamh. Fágfaidh an réimse cultúir a bhíonn ar fáil sa chontae go mbíonn sé tarraingteach i gcónaí mar áit oibre agus mar áit cónaithe.

Tá earnáil an chultúir i gContae an Chabháin tréan iléagsúil. Is iad na daoine an bua is mó atá ag baint leis an gcontae, mar gheall ar an mbua atá iontusan dul in oiriúint, deacrachtaí a shárú, agus breathnú rompu. Tá fiosracht agus seasmhacht mhuintir an Chabháin buntábhachtach maidir le hearnáil an chultúir anseo. Sin a d'fhág gur cruthaíodh deis le Fleadh Cheoil na hÉireann idir na blianta 2010 agus 2012 leas sóisialta agus eacnamaíochta an chontae a dhéanamh le féile mhór na seanealaíon traidisiúnta ach cur chuige ar bhealach uilechuimsitheach lenar ghabh meon deis don uile dhuine, bearta tionscantacha glasa, clár imeachtaí comhaimseartha, aird agus tuiscint ar chúrsaí cultúir a chothú agus gach cuid den chontae a thabhairt i gceist go beo bríomhar. Is maith an teist an forás atá faoi Oíche an Chultúir (ó thaobh lucht féachana agus éisteachta agus lucht eagraithe araon) ar an bhfonn atá ar an bpobal agus ar lucht an chultúir saothar a chruthú agus a chur i láthair. Ar an gcuma chéanna, mar gheall ar chur chuige nua maidir le cúrsaí eolaíochta, déantar cruthaitheacht agus nuáil a spreagadh le Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin, Comhairle Chontae Mhuineacháin agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

### Priority 2:
### Cavan – A Place to Thrive

Through involvement in arts and cultural activities the people of Cavan have greater opportunity to participate and make decisions that empower them to live inspired, diverse and healthy lives. The cultural offer available in the county will continue to make this an attractive place to work and reside in.

In Cavan there is a strong and diverse cultural sector. Our strength is our people and their ability to adapt, to problem solve and to envision. The curiosity and resilience of Cavan people is a great strength to our cultural sector. This made Fleadh Cheoil na hÉireann 2010 to 2012 an opportunity for a major traditional arts festival to lead social and economic benefit for the county through a holistic approach that involved an access for all agenda, green initiatives, contemporary arts programming, cultural awareness and a whole-county dynamic approach. The growth of Culture Night (both audience and host involvement) exemplifies the strong desire for community and cultural practitioners to make and present their work. Similarly, our collaborative Cavan Monaghan Science Festival inspires creativity and innovation through novel approaches to science, in collaboration with Cavan Monaghan ETB, Monaghan County Council and Science Foundation Ireland.

Our approach to the 1916 Commemorations exemplified a sense of local empowerment. The living talent in County Cavan communities and cultural practitioners pursued exciting and innovative ways for involvement in remembrance through cultural programming. This programme told our 1916 story honestly and sensitively. The programme did not shy away from raising and facing contentious issues, and was cognisant of the mixed traditions of our

Bhí an cur chuige i ndáil leis an gComóradh ar 1916 ina eiseamláir maidir le cumhacht a thabhairt do mhuintir na háite. D'fhéach na daoine cumasacha i gcomharsanachtaí éagsúla Chontae an Chabháin agus lucht an chultúir le bealaí nua spreagúla a thapú chun páirt a ghlacadh sna bearta cuimhneacháin trí chlár imeachtaí cultúir. Cuireadh scéal 1916 i láthair go hionraic cúramach leis an gclár sin. Níor seachnaíodh ceisteanna conspóideacha agus bhí aird ar thraidisiúin éagsúla sa chontae agus ba trí dhíriú ar an bhfírinne a rinneadh an t-iomlán. Beidh cur chuige ionraic macánta den chineál céanna in úsáid againn maidir le bearta comórtha agus cuimhneacháin feasta.

Chomh maith le tús áite a thabhairt don bheartaíocht áitiúil, beidh spéis sa tástáil agus i ndul i bhfiontar ionas go gcinntítear go mbíonn dúshlán ag baint leis an obair agus go mbíonn cóiriú á chur againn ar na modhanna oibre i mbun fhorbairt an chultúir. Oibríonn Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae an Chabháin le lucht ealaíne agus cultúir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta d'fhonn a chinntiú go leanann tábhacht leis an obair i gcónaí. Sampla d'obair den chineál sin is ea tionscnamh faoi stiúir na hoifige ealaíne agus an aonaid maidir le cuimsiú sóisialta i ndáil le Cleachtadh na Cruthaitheachta Trasna Teorainneacha a Fhorbairt. Ta sé cinn de pháirtnéirí idirnáisiúnta a chuireann deiseanna ealaíne den scoth ar fáil d'ealaíontóirí de chuid na hÉireann mar gheall ar an scéim babhtála sin.

Tá buntábhacht le cúnamh a thabhairt d'ealaíontóirí áitiúla agus do lucht na cruthaitheachta maireachtáil agus oibriú i gContae an Chabháin. Tá tábhacht chomh mór céanna le cúnamh a ligeann do na daoine sin leas a bhaint as cistí ó fhoinsí seachtracha. Bhí an cúnamh faoin scéim Éire Ildánach ina spreagadh ag an ealaíontóir Alan James Burns as Dún an Rí oibriú i gcomhar le Geopháirc Dhomhanda Áirse Mharmair Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí ionas gur éirigh leis ciste a aimsiú ón Rialtas Lárnach tríd an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh scrúdú á dhéanamh i rith ré na straitéise seo an bhféadfaí féile shuntasach uile-chontae a chur ar siúl lena mbeadh freastal á dhéanamh ar réimse leathan gnéithe den chultúr.

Na Téamaí Tábhachtacha:

- Bonn treise a chur faoin sárfheabhas maidir le gach gné den chultúr
- Cruthaitheacht an tsaothraí aonair a chothú agus a fhorbairt
- Treisiú le hacmhainn an phobail bainistíocht agus ceannródaíocht a dhéanamh maidir le beartaíocht cultúir
- Bonn treise a choinneáil faoi dhul sa seans agus san fhiontar, go háirithe i measc na gceannródaithe cultúir

Bearta

1. Cuidiú le pobal áite feabhas a chur ar an gclár cultúir atá acu agus ciste cultúir faoi leith a chur ar fáil de bhuntáiste acu sin a fhéachann le nuáil a dhéanamh agus oibriú i gcomhar le daoine agus dreamanna eile
2. Féile mhórshuntais a chur ar siúl ar fud an chontae lena ndéantar freastal ar réimsí éagsúla cultúir agus an Mheitheal Cultúir i mbun chlár na féile a leagan amach agus a chur ar siúl
3. Oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd a chuireann imeachtaí cultúir ar siúl, daoine atá gníomhach i measc an phobail san áireamh, ionas go bhféadann siad ceannródaíocht agus bainistíocht a dhéanamh maidir le cúrsaí cultúir agus na gnéithe uile a ghabhann leis an mbainistíocht ar imeachtaí.

county, keeping truth at the centre. This clear honest approach will continue to be used for further commemorations.

Alongside championing the local, experimentation and risk taking will be valued to ensure that we challenge and adapt our ways to be at the forefront of cultural development. Cavan County Council Culture Team works with national and international practitioners to ensure that work remains relevant. 'Developing Creative Practice Across Borders' the arts office and social inclusion led initiative, is an example of this type of project with six international partners providing quality arts experience for Irish artists through exchange.

Supporting local artists and creative practitioners to live and work in Cavan is essential. Equally important is support to enable these practitioners to leverage funds from external sources. The Creative Ireland support for Kingscourt artist Alan James Burns encouraged this artist to work with Fermanagh and Omagh District Council, Marble Arch Caves Global Geopark, and succeed in fund raising from Central Government through the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht. The possibility of delivering a flag ship county wide festival that caters for a range of cultural offerings will be explored during the lifetime of the strategy.

Key themes:

- To support excellence in all aspect of cultural provision
- Support and develop creativity of the individual practitioner
- Support community capacity to manage and lead cultural activity
- Support risk taking and experimentation, particularly among our cultural leaders

Actions

1. Support local communities to improve their cultural programme and reward those who aim toward innovation and collaboration with a dedicated cultural fund
2. Deliver a flag ship county wide festival event that caters for a range of cultural offerings and is programmed and delivered by the Culture Team
3. Provide training for cultural promoters including community activists to lead and manage cultural provision and all elements of events management.
4. Support good governance for local cultural providers in the community
5. A dedicated Cultural Directorate in Cavan County Council to ensure that culture is placed at the centre of a sustainable developmental agenda

4. Bonn treise a chur faoin dea-rialachas maidir le soláthraithe cultúir áitiúla i measc an phobail
5. Stiúrthóireacht Cultúir faoi leith i gComhairle Chontae an Chabháin ionas go gcinntítear go mbíonn an cultúr lárnach san obair maidir le forbairt inmharthana

### Réimse Príomhthábhachta 3: Cultúr don Uile Dhuine

Beidh teacht ag an uile dhuine ar bheartaíocht cultúir i gContae an Chabháin. Mar gheall ar an mbeart tús áite seo, beidh teacht níos furasta ag líon níos mó daoine ar chúrsaí ealaíne agus cultúir gan bheann ar a n-ionad sa phobal, cúrsaí gnéis, inscne, náisiúntachta, creidimh, míchumais, aoise ná claonadh gnéis. Tugtar aird leis an mbeart tús áite seo ar an suntas a ghabhann le haitheantas a thabhairt sa Stát le gairid don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach faoi leith. Trí oibriú ar réimsí a bhfuil riachtanais sonraithe ina leith, cuirfear leis an deis saol an chultúir i gContae an Chabháin a thapú agus a bheith páirteach ann. Dream tábhachtach den phobal is ea na leanaí agus tá soláthar cultúir de cheart bunúsach acusan. Cinnteofar go ndéantar an Plean maidir le Colún 1: Scód a ligean le Cumas Cruthaitheachta i ngach Leanbh a thabhairt i gcrích chomh héifeachtúil agus is féidir i gContae an Chabháin.

Ó rinneadh an branda ‘This is Cavan’ a sheoladh, tá dul chun cinn faoi leith déanta ag Comhairle Chontae an Chabháin maidir le gach gné de shaol an Chabháin a chur chun tosaigh. Ní mór saothrú go seasta leanúnach ar an réimse sin. Bíonn an lucht éisteacht agus féachana, chomh maith le soláthraithe i réimse an chultúir, go síoraí ar thóir an eolais sin a ligfeadh dóibh oibriú le daoine eile sa chontae ionas go gcuirtear an réimse is iléagsúla d’imeachtaí cultúir is féidir ar fáil d’oiread dreamanna agus is féidir. Bíonn aird, ina leith sin, ar dhaoine sa chontae ar mór acu an Ghaeilge agus a dhéanann cumarsáid trí theanga dúchais na tíre. Déanann Leabharlann Contae an Chabháin ceannródaíocht i ndáil leis an réimse seo. Ní mór ar an gcaoi chéanna a bheith airdeallach maidir le pobail nua daoine agus a gcuid teangacha éagsúla. Ní móide gur féidir cumarsáid a dhéanamh i ngach ceann de na teangacha sin ach is féidir feabhas a chur ar an gcumarsáid maidir le cúrsaí cultúir agus ar an réimse daoine a dtarraingítear a n-aird má chuirtear teachtaireachtaí soiléire amach trí mhodhanna éagsúla cumarsáide. Tabharfaidh an mheitheal cultúir faoi thairseach a chur ar fáil sa chaoi is go mbíonn gnéithe éagsúla á gcur i láthair tríd an aon deis ar líne amháin. Cinnteofar leis an tsoiléire cumarsáide seo go dtarraingítear aird lucht féachana agus éisteachta chomh leathan agus a d’fhéadfaí ag imeachtaí cultúir de gach cineál. Is féidir freisin cuidiú le grúpaí pobail cumarsáid shoiléir éifeachtúil a dhéanamh.

Na Téamaí Tábhachtacha:

- Deiseanna áisiúlachta ionas go gcinntítear dul i bhfeidhm ar an líon is mó daoine trí na modhanna cumarsáide ar fad atá ar fáil a úsáid
- Cumarsáid shoiléir bheacht a bhaineann le hábhar agus a dhéantar ar bhealaí éagsúla
- Cumarsáid a dhéanamh le daoine go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

### Priority 3: Culture for Everyone

Cultural activity will be accessible to all in Cavan. This priority will make art and culture accessible to more people regardless of position in society, sex, gender identity or expression, ethnicity, religion or other belief, disability, age or sexual orientation. This priority recognises the significance of recent recognition for Travellers as a distinct ethnic group within the State. Working in areas of identified need will enhance the opportunity for greater access to and participation in the cultural life of county Cavan. Children are an important cohort and they have a basic right to cultural provision. We will ensure that the Pillar 1 Plan: Creative Youth, Enabling The Creative Potential Of Our Children And Young People is delivered in Cavan to maximum effect.

Since the launch of the ‘This is Cavan’ brand, Cavan County Council has made genuine progress promoting all aspects of life in Cavan. Sustained work in this area is required.

Audience and cultural providers are constantly seeking information that will support them to work with others in the county, to deliver diverse and unique cultural offer to the widest possible demography. In regard to this we are mindful of the people in our county who value the Irish language and communicate in our native tongue. Cavan County Library provides leadership in this area. Equally we need to be aware of the new communities and their multiple languages. It may not be possible to communicate in all these languages but through clear and multiple communication channels we can improve the quality and reach of our cultural message. The cultural team will undertake to provide a portal with the various elements represented in one online provision. This clarity of communication will ensure that audiences are maximised where possible and the widest reach is achieved for all niche cultural offerings. Equally we can support local communities to communicate clearly and effectively.

Key themes:

- Accessibility to ensure maximum audience potential by using all communication means available
- Clear, concise and relevant communication using a variety of means
- Communicating to local, national and international audiences

Bearta

1. Fágfaidh tairseach dhigiteach cultúir faoi leith do chláir agus d'imeachtaí cultúrtha na Comhairle go bhféadann an mheitheal cultúir comhordú a dhéanamh ar chlár imeachtaí agus go mbíonn tairseach á cur os comhair an phobail ar a bhfeictear a bhfuil ar fáil sa chontae ó thaobh cúrsaí cultúir
2. Ardáin chomhcheangailte maidir leis na meáin shóisialta arna gcur ar fáil trí thairseach dhigiteach faoi leith
3. Cumarsáid dhigiteach den éifeacht a chinntiú
4. Cur chuige leanúnach seasta maidir leis na meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil leis an gclár cultúir
5. Cláir cultúir a choimisiúnú i gcomhar leis na meáin áitiúla agus náisiúnta
6. Oibriú tríd an aonad maidir le hilchuimsitheacht shóisialta d'fhonn an cur chuige is éifeachtúla ar mhaithe le deis níos fearr ar chúrsaí cultúir a aimsiú
7. Imeacht a chur ar bun gach bliain mar chuid de Chruinniú na nÓg, lá náisiúnta cultúir agus cruthaitheachta na leanaí

Actions

1. A dedicated digital cultural portal for Council cultural programmes and events that will allow the culture team to co-ordinate a programme of events and operate as a public facing portal to view the entire cultural offer for the county.
2. Linked social media platforms through a dedicated digital portal
3. Ensure effective digital communications
4. Cohesive and sustained approach to local, national and international media regarding cultural programme
5. Commission cultural programmes in collaboration with local and national media
6. Working through the social inclusion unit to identify the most effective approach to enhanced cultural access
7. Deliver annual Cruinniú event, annual national culture and creativity day for children



*Aoife Geary_Ualach*
*Dosheachanta-Imminence*
*photo by Aoife Geary*





## Réimse Príomhthábhachta 4: An Cumas Cruthaitheachta a Chothú

Bíonn nuacht á lorg ag lucht an fhiontair i gcúrsaí cultúir i gcónaí le fonn saothar spreagúil dúshlánach a chruthú i ndáil leis an timpeallacht foirgníochta agus leis an dúlra agus le hoidhreacht cultúir na háite. Beidh an dúthracht sin maidir le athshamhlú ar mhodhanna chun saothar a chruthú agus a chur i láthair ina dhlúthchuid den straitéis seo. Tá ról tábhachtach le tionscail na cruthaitheachta maidir le leas cultúir agus eacnamaíochta an chontae. Tá roinnt daoine cumasacha as Contae an Chabháin a d'fhéach le deiseanna a thapú chun dul i mbun scannánaíochta thar lear mar gheall ar a laghad deiseanna chuige sin atá i gContae an Chabháin. Ag teacht leis an bpolasaí náisiúnta agus leis an treoir ón oifig náisiúnta, beidh bunachar sonraí faoi chaipiteal cultúir an chontae á chur le chéile againn. Cuirfidh sin bonn faoi obair anailíse, taighde agus bailiú sonraí a bheidh ina lón eolais maidir le cúrsaí infheistíochta as seo amach. Beidh infheistíocht á dhéanamh sna daoine cumasacha sa chontae ionas go ndéantar iad a chothú agus a fhorbairt. Beidh cúnamh ar fáil d'obair an duine aonair agus dóibh siúd ar mian leo bheith páirteach i gCruthaitheacht an Chabháin a chur ar fáil do phobal uile an chontae.

Na Téamaí Tábhachtacha:

- Treisiú le daoine atá ina gcónaí i gContae an Chabháin agus atá seanbhunaithe i mbun cúrsaí cultúir
- Bonn treise a chur faoi dhaoine cumasacha nua atá ag teacht chun cinn sa Chontae
- Painéal oibrithe Chruthaitheacht an Chabháin a chur le chéile i ndáil le gnéithe den chlár Cruthaitheacht an Chabháin a thabhairt i gcrích

## Priority 4: Nurturing our Creative Talents

Our cultural innovators have always sought new possibilities for making exciting and challenging work responding to the built and natural environment and our unique cultural legacy. This commitment to re-imaging ways to make and show work will be embedded in this strategy. The creative industries have an important role to play in the cultural and economic well-being of the county. Cavan has a number of talented film makers who have sought opportunities abroad due to the lack of opportunity in Cavan. In line with national policy and with the direction of the national office we will build a database of our cultural capital. This will support analysis, research and data collection that will inform future investment needs. We will invest in the creative talent within county to nurture and further develop our existing and emerging cultural practitioners. Support will be for individual practice and for those who wish to actively take part in the delivery of Creative Cavan to our communities

Key themes:

- Supporting established cultural practitioners resident in County Cavan
- Supporting new and emerging cultural talents in the County
- Creation of a Creative Cavan practitioner panel for supporting the delivery of aspects of Creative Cavan

- Aird a thabhairt ar Laochra Cultúir an Chabháin
- An fiúntas le cur chuige den nuáil agus den fhiontar a thuiscint
- A chinntiú go gcoinnítear Contae an Chabháin ina áit ina dtagann daoine cumasacha i gcúrsaí cultúir chun cinn
- Leanúint le cur chuige slánchóirithe idir na ranna éagsúla maidir le cúrsaí cultúir agus eacnamaíochta

Bearta:

1. Cuidiú le healaíontóirí áitiúla ionas go gcinntítear gur féidir leo maireachtáil agus saothar de chuid na linne seo a chur ar fáil i gcontae an Chabháin
2. Treisiú le soláthraithe áitiúla cultúir a dhéanann tairbhe dá réir do chúrsaí eacnamaíochta an cheantair
3. Deontais tionscanta a chur ar fáil go díreach ionas go spreagtar ealaíontóirí chun saothar ealaíne a chruthú go háitiúil do lucht éisteachta agus féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta
4. Deiseanna turais do lucht shaothrú an chultúir a spreagadh ar mhaithe le foghlaim agus lena gcuid oibre a chur i láthair
5. Aird an phobail a tharraingt ar laochra an chultúir i gContae an Chabháin

- Acknowledging our Cultural Heroes
- Value innovative and risk taking approaches
- To ensure Cavan retains its position as a hot house for cultural talent
- Maintain an integrated inter-departmental approach to sustainable cultural and economic provision

Actions:

1. Support local artists to ensure they can live and make contemporary work in Cavan
2. Support local cultural providers who in turn benefit the local economy
3. Provide direct seed grant support to encourage artists to make art work locally for national and international audiences
4. Encourage touring opportunities for cultural practitioners for learning and the dissemination of work
5. Public profiling of cultural heroes of Cavan





## Réimse Príomhthábhachta 5: Infheistíocht san Infreastruchtúr Cruthaitheachta

Ní mór meas a léiriú ar lucht ealaíne agus cultúir agus an tábhacht atá leo a léiriú le spás inar féidir saothar a chruthú agus a chur ar taispeáint. Beidh an soláthar maidir le cúrsaí cultúir lárnach maidir leis an gclár oibre forbartha ag Comhairle Chontae an Chabháin agus tá sin ina dhlúthchuid den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Cinnteofar tríd an soláthar maidir le cúrsaí cultúir a thabhairt san áireamh mar ghnáthchuid den phróiseas pleanála go ndéantar an acmhainn cultúir atá sa chontae san am atá romhainn a thabhairt i gcrích go hiomlán. Ní mór toradh an chultúir a bheith suntasach sofheicthe agus áirítear ar chomharthaí fisiciúla an chultúir an oidhreacht foirgníochta agus an dúlra, leabharlanna, ionaid ina gcruthaítear saothar ealaíne agus in gcuirtear ar taispeáint iad, ionaid ealaíon, iarsmalanna contae agus cartlanna contae. Tá an tábhacht chéanna leis an rún atá againn treisiú le saothar leanúnach earnáil an chultúir agus an contae ar fad in úsáid mar chanbhás ar a léirítear gnéithe den chultúr. Déanfar obair thaighde chun na riachtanais infheistíochta a bhaineann le hearnáil an chultúir a shonrú agus meastar go mbeidh cistíocht á lorg ó fhoinsí náisiúnta agus ó fhoinsí san Eoraip chun feabhas a chur ar na hacmhainní infreastruchtúir agus ar acmhainní teicniúla sa chontae.

Na Téamaí Tábhachtacha:

- Taighde d'fhonn na riachtanais fhisiciúla, theicniúla agus intleachtúla is gá chun cur le hearnáil an chultúir a thabhairt chun suntais
- Comhar oibre leis an lucht fiontraíochta go ginearálta a spreagadh

## Priority 5: Investing in our Creative Infrastructure

Artists and cultural players need to be valued and prioritised with space to make and show work. Cultural provision will be central to the development agenda of Cavan County Council and is fully embedded in the Local Economic and Community Plan. Integration of cultural provision into the planning process will ensure that our future cultural potential is realised. Our culture needs to have visible manifestations that include but are not limited to our built and natural heritage, libraries, places to make and show artwork, arts centres, county museum and archives. Equally important is our intention to support the continuing work of the cultural sector using the entire county as a canvas for cultural manifestations. Research will be carried out to identify the investment needs of the cultural sector and it is envisaged that funding will be sought from National and European sources to improve the infrastructural and technical resources of the county.

Key themes:

- Research to identify the physical, technical and intellectual requirements that will enhance the cultural sector
- Investing in existing resources
- Encourage collaboration with the wider enterprise economy
- Ensure that the planning process is cognisant of cultural needs and prioritises them.
- In particular support the wealth of local film making talent in the county

- A chinntiú go mbíonn aird sa phróiseas pleanála ar riachtanais maidir le cúrsaí cultúir agus príomhthábhacht á leagan orthu
- Cuidiú go háirithe leis an iliomad duine cumasach sa chontae maidir le réimse na scannánaíochta

Bearta

1. Infheistíocht chaipitil a chur ar fáil ionas go gcinntítear gur féidir le healaíontóirí saothar a chruthú agus a chur ar taispeáint sa chontae
2. A chinntiú go mbíonn spás don chultúr sa mhol digiteach nua agus go ndéantar smaointe cultúir a chothú
3. Taighde a dhéanamh maidir le riachtanais theicniúla earnáil an chultúir, go háirithe maidir le cúnamh a chur ar fáil do thionscail na cruthaitheachta agus an infheistíocht is gá a thabhairt chun suntais
4. Leanúint den infheistíocht in áiseanna agus in acmhainní fisiciúla don chruthaitheacht atá ar fáil cheana féin

Actions

1. Provide capital investment to ensure artists can make and present work in the county
2. Ensure that culture has a place within the new digital hub and that cultural ideas are incubated
3. Research the needs of the cultural sector particularly to support the creative industries and identify the investment needed in technology and capital for the cultural sector
4. Continue to invest in existing facilities / physical resources



Seoladh Taispeántais Cath an Somme i Músaem Chontae an Chabháin.

*The Launch of the Battle of the Somme Exhibition at Cavan County Museum 2016*





## Réimse Príomhthábhachta 6: Leanaí agus Daoine Óga

Beidh Cruthaitheacht an Chabhán ina chabhair maidir leis an gcéad Cholún faoin straitéis Éire Ildánach, Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh, a thabhairt i gcrích. Beidh an Straitéis maidir le Cruthaitheacht na hÓige, faoina spreagtar teacht a bheith go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta ar réimse leathan de bhearta cruthaitheachta, ina lón eolais ina leith sin. Beidh an t-údarás áitiúil dúthrachtach maidir lena chur ar chumas leanaí agus dhaoine óga cíoradh a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar a ndearcadh féin agus dhaoine eile ó thaobh cúrsaí cultúir ionas go bhfoghlaimítear ó iléagsúlacht cultúir, ó thuiscintí ar chúrsaí staire agus ón athrú ar ghnéithe den chultúr. Fágfaidh sin go mbeidh ócáidí cultúir á gcruthú do dhaoine óga a mbeidh brí leo agus a fhanfaidh ina gcuimhne.

Oibreofar le páirtnéirí eile atá tugtha do dhea-thorthaí a thabhairt i gcrích do leanaí agus do dhaoine óga i réimse na n-ealaíon sa limistéar seo, ina measc an Pháirtnéireacht Áitiúil Ealaíon agus Oideachais, Bord Oiliúna agus Oideachais an Chabháin agus Mhuineacháin, Síocháin IV agus Music Generation ionas go dtugtar tionscnaimh i gcrích a bhfuil an Pháirtnéireacht Áitiúil Ealaíon agus Oideachais agus Music Generation páirteach iontu.

Téamaí:

- Cur ar chumas leanaí triail a bhaint as cumarsáid chruthaitheachta.
- Smaointe a spreagadh atá pearsanta agus a mbaineann nuacht leo agus tús áite á thabhairt don phróiseas cruthaitheachta.
- Béim a leagan ar chur in iúl ealaíonta, ar thobchceapadóireacht, ar dhul i bhfiontar agus ar mholadh na héagsúlachta i leanaí an Chabháin.

## Priority 6: Children and Young People

Creative Cavan will support the national delivery of Pillar 1 of Creative Ireland Strategy, Enabling the Creative Potential of Every Child. We will be guided by the Creative Youth Strategy that encourages formal and non-formal access to an extended range of creative activities. We as a local authority will commit to enabling children and young people to explore and understand their own and other people's cultural beliefs and values to learn from cultural diversity, historical perspectives and the evolution of culture. This will create meaningful cultural experiences and memories for young people.

We will work with other partners committed to positives outcomes for children and young people in the arts in our area including the Local Arts and Education Partnership, Cavan Monaghan Education Training Board, Monaghan County Council, Peace IV and Music Generation to deliver initiatives that include the Local Arts and Education Partnership and Music Generation.

Themes:

- Enabling children to explore creative communication.
- Encouraging ideas that are personal and inventive prioritising the creative process.
- Valuing artistic expression, spontaneity, risk-taking and difference in our children.
- Support the exploration and understanding of individual cultural assumptions.

- Treisiú le cíoradh ar an mbonn réamhthuisceana atá ag daoine maidir le cúrsaí cultúir.

Bearta

1. Oibriú ar bhearta ionas go mbíonn ar chumas gach leanbh i gContae an Chabháin teacht ar ranganna ceoil go háirithe sa cheol don chór.
2. Oibriú ar amharclannaíocht don óige a fhorbairt i gcomhar le soláthraithe sainiúla cultúir in amharclann an Ramor Theatre agus in amharclann an Townhall Theatre.
3. Oibriú ar Pháirtnéireachtaí Áitiúla Cruthaitheachta don Óige i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus scéim phíolótach a chur ar bun.
4. An Fhéile Eolaíochta a thabhairt chun cinn in éineacht leis na páirtnéirí, Comhairle Chontae agus Seirbhís Leabharlannaíochta Mhuineacháin agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus leanúint de threisiú le cúrsaí STEAM i gContae an Chabháin.
5. Leanúint de chláir ealaíon agus cultúir trí Ghaeilge a chur ar fáil i gcomhar le gníomhaireachtaí teanga áitiúla agus náisiúnta leis an Leabharlann mar sheirbhís ceannródaíochta.
6. Treisiú le cláir cultúir do leanaí agus do dhaoine óga a thabhairt chun cinn i gceantair den chontae atá faoi mhíbhuntáiste.

Action

1. Work on actions to enable every child in Cavan to access tuition in music particularly choral music.
2. Work on youth theatre development in conjunction with the specialist cultural providers at Ramor Theatre and Townhall Theatre.
3. Work on the Local Creative Youth Partnerships with other statutory agencies to set up a pilot.
4. Develop the Science Festival with partners Monaghan County Council and Library Service and the Science Foundation of Ireland and continue to support STEAM developments in Cavan.
5. Continue to provide Irish language arts and cultural programming with the Library as the lead service in conjunction with local and national language agencies.
6. Support the development of cultural programmes for children and young people in disadvantaged areas in the county.





**Réimse Príomhthábhachta 7: Iniúchóireacht maidir leis na hacmhainní cultúir agus cruthaitheachta áitiúla.**

Déanfaidh Cruthaitheacht an Chabháin, i gcomhréir le teimpléad arna chur ar fáil ag Éire Ildánach, an fhaisnéis is gá a thiomsú do bheart iniúchóireachta agus mapála maidir le hacmhainní cultúir agus cruthaitheachta an Chabháin.

Beart:

1. Eolas a bhailiú do mhapa cultúrtha de Chontae an Chabháin – bunachar sonraí maidir le hacmhainní cultúir an chontae ag teacht leis na treoirlínte náisiúnta

**Priority 7: Audit of local cultural and creative resources.**

In line with template provided by Creative Ireland, Creative Cavan will collect information required for audit and mapping of Cavan cultural and creative resources.

Action:

1. Collection of information for cultural map of Cavan – a database of cultural wealth in the county in line with national guidelines




Léiriú " Is Linn É" le na páistí ó scoileanna náisiúnta, Ármhach, Corr Lorgáin, An Chros Riabhach agus Baile an Mhuilinn i Halla an Bhaile, An Cabhán, 2016.
*The performance of "Is Linn É" by the children from Arva, Corlurgan, Crossreagh and Milltown National Schools in Cavan Town Hall, 2016.*
*Photo by Lorraine Teevan*

# 7 Cur i bhfeidhm i rith na bliana 2018: Implementation in 2018:

TÁ AN OBAIR i gcomhar bunriachtanach maidir le dea-thoradh sásúil ar an Straitéis seo a thabhairt i gcrích. Beidh buntábhacht maidir le clár oibre sásúil a thabhairt i gcrích bliain i ndiaidh bliana leis an gcúnamh ón rialtas náisiúnta agus ón rialtas áitiúil agus le hobair na nIonadaithe Áitiúla ag cuidiú leis an obair a dhéanann an Mheitheal Cultúir. Tá Comhairle Chontae an Chabháin ullamh agus pleanáil á dhéanamh maidir leis na réimsí deacrachta a bhíonn le sárú agus na deiseanna is féidir a thapú mar gheall ar an gclár spéisiúil seo don chultúr sa chontae agus tá an mheitheal ag tnúth le cur in athuair leis an dea-thoradh a bhí ar an mbeartaíocht go dtí seo. Tá gá le creatchóras riaracháin faoi leith, agus le hacmhainní dóthanacha, i ndáil le Cruthaitheacht an Chabháin chun cuidiú leis an Meitheal Cultúir an clár oibre seo a thabhairt i gcrích. Beidh gá dlús breise a chur le bearta páirtnéireachta agus comhair agus le córais eile atá ar bun cheana féin chomh maith le neartú le caidreamh atá ar bhonn neamhfhoirmeálta go dtí seo. Beidh gá an t-am ar fad le meon oscailte uilechuimsitheach maidir le hoibriú i gcomhar agus gníomhú in éineacht. Beidh na bearta seo a leanas san áireamh leis an bplean bliantúil do Chruthaitheacht an Chabháin i leith na bliana 2018:

### Réimse Príomhthábhachta 1: Scéal na hÁite – Scéal na nDaoine

**Beart 1:** Ceardlanna maidir le Físdhearcadh an Phobail le meithle na mbailte i mbaile an Chabháin, in Achadh an Iúir agus i Muinchille
**Beart 2:** Coimisiúin de chuid an phobail chun athcheapadh a dhéanamh ar an áit i ndáil le bearta príomhthábhachta na linne seo agus an saol mar atá faoi láthair

COLLABORATION IS A key to the success of this Strategy. The support of national and local government and the work of the Local Representatives supporting the Culture Team will be key to the delivery of a successful programme on an annual basis. Cavan County Council is prepared and planning for the challenges and opportunities presented by this exciting programme for culture in our county and the team look forward to continuing to build on recent successes. A dedicated, resourced, administrative support framework for Creative Cavan is required to support the Culture Team to deliver this programme. It will require consolidation of existing partnerships, collaborations, networks and building on informal relationships. An open and inclusive approach to collaborations and partnerships is required at all times. The annual Creative Cavan plan for 2018 will include the following actions:

### Priority 1: The Story of Place – The Story of Us

**Action 1:** Community Visioning Workshops in partnership with Town Teams in Cavan, Virginia and Cootehill
**Action 2:** Commissions by community to re-image place to reflect current priorities and realities

### Priority 2: Cavan – A Place to Thrive

1. Support local communities to improve their cultural programme and reward those who aim toward innovation and collaboration with a dedicated cultural fund
2. Provide training for cultural promoters including community activists to lead and manage cultural provision and all elements of events management.



### Réimse Príomhthábhachta 2: An Cabhán – Áit inar féidir Teacht faoi Bhláth

1. Cuidiú le pobal áite feabhas a chur ar an gclár cultúir atá acu agus ciste cultúir faoi leith a chur ar fáil de bhuntáiste acu sin a fhéachann le nuáil a dhéanamh agus oibriú i gcomhar le daoine agus dreamanna eile
2. Oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd a chuireann imeachtaí cultúir ar siúl, daoine atá gníomhach i measc an phobail san áireamh, ionas go bhféadann siad ceannródaíocht agus bainistíocht a dhéanamh maidir le cúrsaí cultúir agus na gnéithe uile a ghabhann leis an mbainistíocht ar imeachtaí.

### Réimse Príomhthábhachta 3: Cultúr don Uile Dhuine

1. Taighde agus dearthóireacht a dhéanamh maidir le tairseach cultúir do chláir agus d'imeachtaí cultúrtha na Comhairle ionas go bhféadann an mheitheal cultúir comhordú go hinmheánach a dhéanamh ar chlár imeachtaí agus go mbíonn tairseach á cur os comhair an phobail, i gcomhar leis an Meitheal TE, ar a bhfeictear a bhfuil ar fáil sa chontae ó thaobh cúrsaí cultúir.

### Réimse Príomhthábhachta 4: An Cumas Cruthaitheachta a Chothú

Deontais tionscanta a chur ar fáil go díreach ionas go spreagtar ealaíontóirí chun saothar ealaíne a chruthú go háitiúil do lucht éisteachta agus féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta.

1. Aird an phobail a tharraingt ar laochra an chultúir i gContae an Chabháin

### Priority 3: Culture for Everyone

1. Research and design of a cultural portal for Council cultural programmes and events that will allow the culture team to co-ordinate a programme of events internally, and operate as a public facing portal to view the entire cultural offer for the county in association with the IT Team.

### Priority 4: Nurturing our Creative Talents

Provide direct seed grant support to encourage artists to make art work locally for national and international audiences.

1. Public profiling cultural heroes of Cavan

### Priority 5: Investing in our Creative Infrastructure

1. Provide capital investment to ensure artists can make and show work in the county.
2. Ensure that culture has a place within the new digital hub and that cultural ideas are incubated.
3. Research the technical needs of the cultural sector particularly to support the creative industries and identify the investment needed.
4. Continue to invest in existing facilities / physical creative resources

**Réimse Príomhthábhachta 5:**
**Infheistíocht san Infreastruchtúr Cruthaitheachta**

1. Infheistíocht chaipitil a chur ar fáil ionas go gcinntítear gur féidir le healaíontóirí saothar a chruthú agus a chur ar taispeáint sa chontae.
2. A chinntiú go mbíonn spás don chultúr sa mhol digiteach nua agus go ndéantar smaointe cultúir a chothú.
3. Taighde a dhéanamh maidir le riachtanais theicniúla earnáil an chultúir, go háirithe maidir le cúnamh a chur ar fáil do thionscail na cruthaitheachta agus an infheistíocht is gá a thabhairt chun suntais.
4. Leanúint den infheistíocht in áiseanna agus in acmhainní fisiciúla don chruthaitheacht atá ar fáil cheana féin

**Réimse Príomhthábhachta 6:**
**Leanaí agus daoine óga**

1. Oibriú ar bhearta ionas go mbíonn ar chumas gach leanbh i gContae an Chabháin teacht ar ranganna ceoil go háirithe sa cheol don chór.
2. Oibriú ar amharclannaíocht don óige a fhorbairt i gcomhar le soláthraithe sainiúla cultúir in amharclann an Ramor Theatre agus in amharclann an Townhall Theatre.
3. Oibriú ar Pháirtnéireachtaí Áitiúla Cruthaitheachta don Óige i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus scéim phíolótach a chur ar bun.

**Réimse Príomhthábhachta 7:**
**Iniúchóireacht maidir leis na hacmhainní cultúir agus cruthaitheachta áitiúla.**

1. Eolas a bhailiú do mhapa cultúrtha de Chontae an Chabháin – bunachar sonraí maidir le hacmhainní cultúir an chontae ag teacht leis na treoirlínte náisiúnta.

**Priority 6:**
**Children and Young People**

1. Work on actions to enable every child in Cavan to access tuition in music particularly choral music.
2. Work on youth theatre development in conjunction with the specialist cultural providers at Ramor Theatre and Townhall Theatre.
3. Work on the Local Creative Youth Partnerships with other statutory agencies to set up pilot programmes.

**Priority 7:**
**Audit of local cultural and creative resources.**

1. Collection of information for cultural map of Cavan – a database of cultural wealth in the county in line with national guidelines

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
*Programme*
2017–2022